Crafts Council *of* Ireland

Plean Straitéiseach

2004 go dtí 2006

Tá Comhairle Cheardaíochta na hÉireann ag fáil tacaíocht ó

Tá cultúr a thugann níos mó aird ar fhocail agus ar cheol ná ar rudaí ábhartha leatromach.

Nuair atáimid in ann rudaí a dhéanamh chomh maith
agus is féidir linn cur síos orthu,
agus nuair atá an oiread meas againn ar an gcumadóir
agus atá ar an amhránaí, táimid ar bhóthar na sláinte.
Sin é an fáth go bhfuil ath-fháil ár gcultúr ábhartha,
agus an borradh nua suime in obair an cheardaí
agus an ealaíontóra/cheardaí chomh tábhachtach in Éirinn.

Justin Keating
ina réamhrá do ***Traditional Crafts of Ireland***
le David Shaw-Smith

An bhfuil an cheardaíocht fágtha thiar ag tús na Mílaoise Nua?

Is é an freagra fuaimneach ná nach bhfuil,
nuair a fheidhmíonn an obair mar chomhartha ceardaíochta.

Sa tsean-aimsir bhí gaolmhaireacht thriantánach docht idir,
ealaíon, ceardaíocht, agus dearadh;
bhí an t-ealaíon ardcheannasach gan bualadh ag an mbuaic,
agus bhí ceard agus dearadh ar na cúinní freasúracha ar an mbonn.
Sa deich mbliana seo chaite, tá an triantán ionadaithe le tábla nua
ina bhfuil ealaíon, ceardaíocht,
agus dearadh i **socrú ciorclach** le gach réimse
ag tacú, cothú, agus ag cur eolais agus spreagadh
ar fáil ó réimse go chéile.

Níl an cheardaíocht imithe ónár radharc.
Ina ionad san tá sé **fite fuaite** trí ealaíon
agus dearadh na linne seo.

David Revere McFadden
Príomh Choimeádaí, Iarsmalann Éalaíonn agus Dearadh, Nua Eabhrach
(in alt i 'Crafts' ag déanamh comóradh ar a 30ú bliain)

Foilsithe i 2004 ag
Comhairle Chéardaíochta na hÉireann
Clós an Chaisleáin, Cill Chainnigh.
Guthán: +353 (0)56 7761804 *Facs:* +353 (0)56 7763754
Ríomhphost: info@ccoi.ie *Greasán:* ccoi.ie

Éascú agus Comhairle
PA Consulting Group, Baile Áth Cliath

Dearadh agus Clóghrafaíocht
Trigger Communication, Gaillimh.
www.trigger.ie

Priontáil agus Críochnú
FX Press, Inis, Co. An Chláir

Grianghrafadóireacht
David Shaw Smith
Gordon Goodwin
Don Giovanni
Estelle Barrett Morgan
Trevor Hart
Dillon Vaughan

Clár

" " ..... Aon ..... Réamhrá ag An Tánaiste 8

" " ..... Dó ..... Cur i láthair an Chathaoirligh 10

≈ ..... Trí ..... Comhthéacs na Comhairle Ceardaíochta 14

≈ ..... Ceathair ..... Tráchtaireacht ar Phríomh Thorthaí an Chéad Phlean Straitéiseach 2000 – 2003 18

≈ ..... Cuig ..... Timpeallacht Ghnó Dhúshlánach 20

∞ ..... Sé ..... Ag bualadh leis na Dúshláin atá Romhainn 24

∞ ..... Seacht ..... Ráiteas den Phríomh Aidhm agus Luachanna 26

! ..... Ocht ..... Spriocanna Ard-Leibhéil na Comhairle Ceardaíochta 28
1 – *Dearadh* 32
2 – *Faisnéis* 34
3 – *Margaíocht* 36
4 – *Oideachas* 38
5 – *Aitheantas* 40

∞ ..... Naoi ..... An Chomhairle a Fhorbairt mar Eagraíocht leis an gCleachtas is Fearr 42

∞ ..... Deich ..... Ag baint amach Spriocanna agus Cuspóirí na Comhairle Ceardaíochta 46

* ..... Aguisín ....
A – Príomh Ghníomhaíochtaí, Tréithe agus Tairbhí an Phlean Plean Straitéiseach, 2000 – 2003 Chomhairle Cheardaíochta na hÉireann 50
B – An tSlí ina bhfuil an Tionscal Déanta Suas – ón gClár Fiontraíochta Ceardaíochta, 2003 70
C – Staitisticí an Tionscail Ceardaíochta – ó 'Thuarascáil Thionscail Ceardaíochta na hÉireann 2002' 72
D – Cuntas Airgeadais Chomhairle Cheardaíochta na hÉireann – ó na Cuntais Iniúchta, 2000 go dtí 2002 80

aon

Réamhrá ag An Tánaiste.....

Tá traidisiún fada clúiteach ag an gceardaíocht againn anseo in Éirinn. Maireann an traidisiún san go maith fós agus leanann sé ag spreagadh na ceardaíochta chomhaimseartha atá anois ag éirí mar ghné don thionsclaíocht in Éirinn. Pé acu ag táirgeadh obair thraidisiúnta nó comhaoiseach, is earnáil éifeachtach ina cheart féin é an tionscal ceardaíochta, agus déanann sé ranníocaíocht tábhachtach i bpáirteanna eile do pholasaí an Rialtais le forbairt réigiúnach, turasóireacht agus polasaí sóisialta san aireamh.

> “ tá sé ag fáil soiléir do réir a cheile go mbraithfidh an seasamh na hearnála ceardaíochta sa todhchaí ar dhearadh agus mhianach seachas praghas. ”

Mar Thánaiste, aithním an ranníocaíocht agus an tábhacht a bhaineann leis an earnáil cheardaíochta. Tugtar aitheantas praiticiúil do seo trí thacaíocht leanúnach mo Roinne do Chomhairle Cheardaíochta na hÉireann. Tógann an Chomhairle ról lárnach ag obair le ceardaithe agus daoine eile chun an poitéinseal do dhaoine aonair agus grúpaí a thuiscint. Mar sin féin, níl i dtacaíocht chiste díreach ach chuid den scéal. Ar leibhéal níos leithne, tá an Rialtas tugtha d’eacnamaíocht chomórtasach a choimeád a chruthaíonn na coinneálacha riachtanach le go mbeadh an tionscal Éireannach ábalta iomaíocht go hidirnáisiúnta. Tar éis tréimhse fhás eacnamaíochta nár fhaca a leithéid cheana, tá tionscal na hÉireann anois ag obair chun fanacht iomaíoch ag am a bhfuil éileamh idirnáisiúnta ag laghdú. Tá an tionscal ceardaíochta ag féachaint ar iomaíocht níos mó ó thíortha idirnáisiúnta le boinn chostais níos lú. Ag an am céanna, tá an titim san earnáil thurasóireachta ag cur brú ar mhargadh tábhachtach go traidisiúnta do tháirgeoirí ceirde. Fágann seasamh na hÉireann mar eacnamaíocht oscailte beagán éislinneach iad maidir le hathruithe sa timpeallacht ghnó idirnáisiúnta. Maidir leis an earnáil cheardaíochta tá sé ag fáil soiléir de réir a chéile go mbraithfidh an seasamh iomaíochta sa todhchaí ar dhearadh agus mhianach seachas costas.

Mar sin, fágann sé seo an earnáil cheardaíochta le dúshlán maidir le hardú caighdeáin dearadh agus táirge. Ar nós tionscail eile, beidh tacaíocht ag teastáil ó lucht na ceardaíochta chun bualadh leis na dúshláin iomaíochta. Beidh bealach tacaíochta amháin dírithe ar oideachas agus traenáil so-aimsithe. Leagann polasaí oideachais an Rialtais béim glan ar fhoghlaim fad-saoil a chuireann cumas ar dhaoine ag gach stad dá réim, féachaint chuig a riachtanais scileanna. Creidim go dtabharfaidh na struchtúir oideachais nua - ar nós Údarás Náisiúnta um Cháilíochtaí (UNC) agus Comhairle na nDámhachtainí Breisoideachais agus Oiliúna (CDBO) go háirithe – áis le teacht níos so-lúbtha ar oideachas agus cáilíochtaí i dtreo obair phraiticiúil – scileanna coibhneasacha. Déanfaidh sé seo oiread maitheasa don earnáil cheardaíochta agus a dhéanfaidh sé d’aon earnáil thionsclaíochta, agus ba cheart go gcabhródh sé leis an gComhairle Cheardaíochta le cláir oideachais agus thraenála a thabhairt isteach a bheadh oiriúnach do gach duine atá ag gabháil do cheardaíocht. Cuireann sé áthas orm a thabhairt faoi ndeara an tosaíocht atá á thabhairt ag an gComhairle don Phlean Straitéiseach seo.

Tá áthas orm chomh maith a thabhairt faoi ndeara go bhfuil an Chomhairle ar aigne ceangail níos fearr a dhéanamh leo siúd atá ag obair sa thionscal ceardaíochta i dTuaisceart na hÉireann. Táim cinnte go neartóidh a leithéid do chomh-oibriú ó cheardaithe ó gach taobh don tír seasamh na hearnála mar lán-aonad sa todhchaí.

Ba mhaith liom mo phléisiúr a chur in iúl trí fhormhuiniú agus thacaíocht a thabhairt don dara Phlean Straitéiseach ag an gComhairle Cheardaíochta. Mar dhíograiseoir aitheanta ar son Ceardaíocht Éireannach, agus mar cheannaitheoir rialta d’oibreacha ceardaíochta Éireannacha, beidh mé ag súil le bheith ag féachaint ar an earnáil ag dul ó neart go neart thar na trí bliana atá romhainn.

An Tánaiste, Mary Harney, T.D.

> “ Leagann polasaí oideachais an Rialtais béim glan ar fhoghlaim fad-saoil a chuireann cumas ar dhaoine ag gach stad dá réim, féachaint chuig a riachtanais scileanna. ”

dó

Cur i láthair an Chathaoirligh.....

Séard a chuireann ceardaithe in iúl ná bród sa cheardaíocht agus an mhian chun obair fheidhmiúil álainn a tháirgeadh.

Feictear tréithe sainmhínithe eile atá bainteach leis an gceardaíocht in Éirinn san oidhreacht shaibhir óna thógann an obair nua-aimseartha a hinspioráid: sna hábhair, dathanna agus patrúin uathúla a chuireann tírdhreach na hÉireann ar fáil don cheardaí. Tá an chruthaitheacht, an dearadh agus an fheidhmiúlacht fite fuaite i gceardaíocht na hÉireann ar bhealach a thógann ar na traidisiúin is sine ealaíne agus saincheardaíochta. Tá tionchar ag caighdeán maireachtála na n-ealaíontóirí, go leor acu atá in ann maireachtáil agus oibriú laistigh dá bpobail áitiúla féin, ar an gceardaíocht agus ar an ealaíon.

Caithfear a chur san áireamh, áfach, go bhfuil na ceardaithe ag iarraidh slí bheatha a shaothrú óna gcuid cheardaíochta. Is dúshlán leanúnach dóibh siúd atá gníomhach san earnáil seo spiorad na cruthaitheachta, teicnicí máistreachta agus riachtanais tráchtála a nascadh le chéile. Caithfidh sé a bheith dírithe ar an margadh agus a bheith á bhainistiú go leanúnach má tá poitéinseal iomlán na hearnála agus iad siúd atá ag obair laistigh di le baint amach.

Tá ról tábhachtach ag an gComhairle Cheardaíochta maidir le forbairt na hearnála beomhaire seo, earnáil a thógann ar rathúlacht thráchtála trí chumas cruthaitheachta agus máistreacht theicniúil iad siúd atá ag obair laistigh di. Chuige seo, tá éachtaí tábhachtacha bainte amach ag an gComhairle Cheardaíochta ina céad Phlean Straitéiseach.

> “ Tá ról tábhachtach ag an gComhairle Cheardaíochta maidir le forbairt na **hearnála beomhaire** seo, earnáil a thógann ár **rathúlacht thráchtála** trí **chumas cruthaitheachta** agus **máistreacht theicniúil** iad siúd atá ag obair laistigh di. ”

San áireamh tá cúrsaí traenála le haitheantas idirnáisiúnta, bunachar sonraí substaintiúil agus sofaisticiúil ar an dtionscal ceardaíochta, chomh maith le tacaíochtaí tábhachtacha agus praiticiúla do cheardaithe.

Chuir ullmhú an dara Phlean Straitéiseach ar ár gcumas breathnú ar cá bhfuil an earnáil anois, agus machnamh a dhéanamh faoin gcaoi a d'fhéadfadh an Chomhairle Cheardaíochta cabhrú leis an bhforbairt sa todhchaí. Creidimid, ainneoin gur earnáil bheoga í an tionscal ceardaíochta in Éirinn, go gcaithfidh sí dul i ngleic le dúshláin nua. Is struchtúr de mhion-fhiontair atá sa thionscal, go leor acu nach bhfuil ach láimhdeachas beag acu agus cuid eile atá ag strácáil chun buntáiste iomaíochta a bhaint amach. Mothaíonn an Chomhairle Cheardaíochta gurbh é an bealach is fearr le dul chun cinn a dhéanamh maidir leis an dtimpeallacht eacnamaíoch agus iomaíoch seo nó díriú ar fhoirfeacht agus feabhsúchán leanúnach. Chomh maith leis sin, tá brú ar chostas, caighdeán agus lonnú de bharr na hiomaíochta idirnáisiúnta. Dá bhrí sin, caithfear ceardaíocht a sholáthar atá dearthaí níos fearr, déanta níos fearr, le praghas iomaíoch, atá tarraingteach do chustaiméirí sna margaí baile agus idirnáisiúnta araon.

> “ Dá bhrí sin, caithfear ceardaíocht a sholáthar atá **dearthaí níos fearr, déanta níos fearr, le praghas iomaíoch,** atá **tarraingteach** do chustaiméirí sna margaí baile agus idirnáisiúnta araon. ”

Is dúshlán é seo ach tá sé práinneach é a chur i gcrích. Tá sé riachtanach do gach duine atá bainteach leis an gceardaíocht tarraingt le chéile chun dul i ngleic leis. Ciallaíonn seo go gcaithfear an fhoirfeacht a chur chun cinn ag gach leibhéal. Ciallaíonn sé freisin go gcaithfear cinntiú go bhfuil ceardaíocht na hÉireann dearthaí agus déanta ar an gcaighdeán is airde, go bhfuil na scileanna riachtanacha ag na ceardaithe chun seo a dhéanamh agus go dtuigeann na custaiméirí sa bhaile agus thar lear an uathúlacht agus an caighdeán ard a bhaineann le ceardaíocht na hÉireann. Mar sin de, is cuid lárnach den Phlean Straitéiseach na teachtaireachtaí seo agus beidh siad mar chuid lárnach d'obair na Comhairle Ceardaíochta sa chéad trí bhliain eile amach romhainn.

“Beidh an Chomhairle Cheardaíochta ina áisitheoir maidir le cúrsaí forbartha in earnáil na ceardaíochta. Mar eagraíocht, mothaíonn muid go bhfuil sé níos tábhachtaí 'an bád a stiúradh ná a iomramh'.”

Tá an Chomhairle Cheardaíochta le ról lárnach a bheith aici maidir leis an dtionscal a threorú chun dul i ngleic leis na dúshláin seo. Tuigeann an Chomhairle Cheardaíochta, áfach, go gcaithfear oibriú i bpáirtíocht le réimse d'eagraíochtaí agus institiúidí eile chun na spriocanna straitéiseacha a bhaint amach. Chuige sin, agus ag tarraingt as saineolas agus tuiscint an Bhoird agus na foirne, beidh an Chomhairle Cheardaíochta ina áisitheoir maidir le cúrsaí forbartha in earnáil na ceardaíochta. Mar eagraíocht, mothaíonn muid go bhfuil sé níos tábhachtaí 'an bád a stiúradh ná a iomramh'. Cé go mbeidh seirbhísí á sholáthar díreach ón gComhairle i gcásanna áirithe, mothaíonn an Chomhairle go mbeidh sé feiliúnach tacaíocht agus cinnireacht a chur ar fáil d'earnáil na ceardaíochta trí fhorbairt leanúnach a leagan amach ach gan a chur i bhfeidhm.

Níl an Chomhairle Cheardaíochta ag cur teorainn uirthi féin maidir le tréimhse trí bliana an ráitis straitéisigh áfach. Tá mian na Comhairle d'earnáil cheardaíochta na hÉireann thar an meán go fadtéarmach le sonrú sna cúig Sprioc Ard Leibhéil atá leagtha amach sa phlean seo. Tógfaidh cuid de na rudaí ar mian linn a bhaint amach níos faide ná trí bhliain - ach mar sin féin, cuirfidh an Chomhairle Cheardaíochta tús maith leis na cláir oibre seo sa thréimhse 2004- 2006, agus ar an gcaoi seo beidh bunchloch dhaingean ann d'fhorbairt fhadtéarmach na hearnála.

Tá an Chomhairle Cheardaíochta ag tnúth go muiníneach; agus í ag obair i gcomhréir leis na gníomhaireachtaí páirtithe sna ceardchuallachtaí, na cumainn agus na gréasáin cheardaíochta, earnáil an stáit, an earnáil oideachais, agus na meáin chumarsáide; leis na trí bhliain amach romhainn agus le rathúlacht agus forbairt leanúnach na ceardaíochta in Éirinn. Is céim thábhachtach mheán-téarmach í an tréimhse ama amach romhainn, dar leis an gComhairle, maidir le fís fhadtéarmach na Comhairle d'earnáil na ceardaíochta in Éirinn a bhaint amach.

Martin Walsh

Cathaoirleach, Comhairle Cheardaíochta na hÉireann.

“Tógfaidh cuid de na rudaí ar mian linn a bhaint amach níos faide ná trí bhliain - ach mar sin féin, cuirfidh an Chomhairle Cheardaíochta tús maith leis na cláir oibre seo sa thréimhse 2004- 2006, agus ar an gcaoi seo beidh bunchloch dhaingean ann d'fhorbairt fhadtéarmach na hearnála.”

trí

Comhthéacs na Comhairle Ceardaíochta.....

Bunaíodh Comhairle Cheardaíochta na hÉireann (an Chomhairle Cheardaíochta) i 1973 mar eagraíocht deonach mar thacú do na gceirdeanna agus a gcleachtóirí. I 1976 rinneadh comhlacht gan brabús teorannaithe ag urrús gan bunairgead, agus go gearr ina dhiaidh sin fuair siad an chéad dheontas ón IDA (Industrial Development Authority). Ar dúnadh Ceardlanna Dearaidh Chill Chainnigh, agus le tacaíocht breise ón Rialtas, d'oscail an Chomhairle Cheardaíochta oifigí nua i gCill Chainnigh i 1989 agus thógadar breis dualgais maidir dearadh a fhorbairt sna hearnálacha éagsúla.

Tá an Chomhairle Cheardaíochta maoinithe trí dheontas cuimsithe as cistí an stáit agus cistí Eorpacha atá treoraithe go dtí an eagraíocht ag Fiontraíocht Éireann ar son na Roinne atá á mhaoiniú – Fiontair, Trádála agus Fostaíochta. Tá ról comhairleach agus monatóireachta ag Fiontraíocht Éireann leis an eagraíocht chomh maith. Cé gur eagraíocht beag í an Chomhairle Cheardaíochta maidir lena buiséad agus a foireann, taispeánann an leibhéal tacaíochta ón Rialtas an luach a chuireann an Rialtas ar ról na Comhairle. Tá sé measta gur ghin an earnáil cheardaíochta láimhdeachas bliantúil do €84 milliún i 2002 (Tuarascáil Thionscal Ceardaíochta na hÉireann 2002). Mar sin féin, tá a luach ceart i bhfad níos mó nuair a fhéachtar ar an ranníocaíocht a dhéanann sé le hearnálacha eile, go mór mhór turasóireacht agus forbairt tuatha. Tá triúr as gach ceathrar ceardaí Éireannach ina gcónaí lasmuigh do na ceantair chathrach, mar sin ag buanú an tionchar sóisialta agus eacnamaíochta atá ag an earnáil taobh amuigh do phríomh chathracha agus bhailte na hÉireann.

> "Tá sé measta gur ghin an earnáil cheardaíochta láimhdeachas bliantúil do €84 milliún i 2002. Mar sin féin, tá a luach ceart i bhfad níos mó nuair a fhéachtar ar an ranníocaíocht a dhéanann sé le hearnálacha eile, go mór mhór turasóireacht agus forbairt tuatha."

> "tá roinnt ghníomhaireachtaí agus chomhlachtaí go bhfuil ról forbartha nó tacaíochta acu do cheardaíocht in oileán na hÉireann, ar féidir leis an gComhairle Cheardaíochta oibriú leo chun tacaíocht níos éifeachtaí a thabhairt do na ceirdeanna."

Ó thaobh gníomhaíocht tairgíochta tá an earnáil cheardaíochta déanta suas de mórán mion-thionscail agus roinnt mhaith acu le láimhdeachas atá réasúnta íseal. De ghnáth tá an láimhdeachas seo bunaithe ar 'breis luacha' dearadh agus saincheardaíochta, le costais eile isteach íseal go leor. Coimeádann an Chomhairle Cheardaíochta Clár Fiontraíochta Ceardaíochta, a bhfuil sonraí ann faoi láthair ar thart ar 1,300 ceardaí agus a imlíne gnó. Dóibh seo, tá 50% ag braith ar dhíolachán a gcuid earraí dá ioncam bunúsach, le 72% ag fostú idir duine agus beirt fhostaí lán-aimsire, agus a céatadán comhchosúil le fostaithe páirt-aimseartha go séasúrach. Bhí láimhdeachas do €30,000 nó níos lú ag 2 as 3 (64%) fiontar i 2002, agus bhí láimhdeachas do idir €30,000 agus €250,000 ag 32%. Bhí láimhdeachas d'os cionn €250,000 ag roinnt bheag comhlachtaí ceardaíochta (4%), (Tuarascáil Thionscal Ceardaíochta na hÉireann, 2002).

Is é príomh ról na Comhairle Ceardaíochta ná chun ceirdeanna agus ceardaithe na hÉireann a fhorbairt agus tacaíocht a thabhairt dóibh. Faoi láthair tá 20 ceird sainmhínithe sonraithe ar an gClár coimeádta ag an gComhairle Cheardaíochta. Níl na huimhreacha seo dáilte go cothrom ar gach réigiún ceardaíochta. Taispeánann an anailís is déanaí go raibh 800 ceardaí (62%) bainteach le ach ceithre rannóg do tháirgeadh ceirde – Éadaí, Criadóireacht, Seodóireacht agus Adhmadóireacht. Chomh maith le chomh-mhaoiniú ó Rialtas na hÉireann d'fhorbairtí déanta ag an gComhairle Cheardaíochta, tá obair san earnáil cheardaíochta le feiceáil chomh maith ó chomhlachtaí éagsúla deonacha agus léiritheacha. Tá sé measta mar shampla go bhfuil beagnach 60 Ceardchuallacht, Comhlachais, Gréasáin agus Cumainn ag obair in Éirinn, a chuireann pointe cuimsitheach ar fáil dóibh siúd le suim i gceird áirithe.

Cé go bhfuil roinnt forluí idir cheardaithe liostáilte ar an gClár agus baill na gCeardchuallachtaí, na gComhlachas, na nGréasán agus na gCumann, is é an cás de ghnáth go mbíonn siad siúd ar an gClár níos dóchúil le feidhm a bhaint as na seirbhísí tráchtála agus forbartha atá mar phríomh aidhm na Comhairle Ceardaíochta. Mar riail ghinearálta, tá sé riachtanach don Chomhairle Cheardaíochta aidhm láidir trádála agus forbartha a thaispeáint ina cúrsaí gnó, san áit gur féidir le Ceardchuallachtaí, Comhlachais, Gréasáin agus Cumainn, mar chomhlachtaí le baill deonacha, a bheith níos discréidí le leanúint ag tacú le leas a mbaill féin, ó thaobh thráchtála de nó aon slí eile.

Tá sé tábhachtach a aithint go bhfuil roinnt ghníomhaireachtaí agus chomhlachtaí go bhfuil ról forbartha nó tacaíochta acu do cheardaíocht in oileán na hÉireann, ar féidir leis an gComhairle Cheardaíochta oibriú leo chun tacaíocht níos éifeachtaí a thabhairt do na ceirdeanna. I dTuaisceart na hÉireann mar shampla, tá Comhairle Ealaíon Tuaisceart na hÉireann, Invest NI, Comhairlí Dúiche agus Cathracha agus, i bPoblacht na hÉireann, Údarás na Gaeltachta, FÁS, Boird Fhiontair na gCathracha agus na gContaetha agus grúpaí LEADER. Chomh maith leis sin, tógann an Chomhairle Cheardaíochta aird ar fhíor-thábhacht soláthraithe oideachais, comhlachtaí creidiúnaithe, institiúidí cultúir agus na meáin chumarsáide ar fud an oileáin. Is páirt thábhachtach de chomhthéacs an Phlean Straitéiseach 2004 – 2006 é páirtíocht agus comhaontas a dhéanamh lena leithéid.

remove this page before fina

“ Is páirt thábhachtach de chomhthéacs
an Phlean Straitéiseach 2004 – 2006
é páirtíocht
agus comhaontas
a dhéanamh lena leithéid. ”

ceathair

Tráchtaireacht ar Phríomh Thorthaí an Chéad Phlean Straitéiseach 2000–2003.....

D'uchtaigh an Chomhairle Cheardaíochta an chéad Phlean Straitéiseach i 2000. Do leag an Plean amach clár ard-aidhmeannach oibre le seacht sprioc ag imlíniú treoir don earnáil agus don Chomhairle Cheardaíochta. Tháinig an Plean díreach nuair a bhí an earnáil ag dul ó thréimhse fhás go dtí tréimhse lag. Mar sin ba thréimhse dheacair í na trí bhliain seo chaite do cheardaithe ach tá fianaise ag neartú anois go bhfuil an earnáil ag fás go mall – i 2002 ba é an t-ioncam iomlán ná €84 milliún i gcomparáid le €76 milliún i 2001 (Tuarascáil Thionscal Ceardaíochta na hÉireann 2002).

> "Mar sin ba thréimhse dheacair í na trí bhliain seo chaite do cheardaithe ach tá fianaise ag neartú anois go bhfuil an earnáil ag fás go mall arís."

Tá na spriocanna leagtha amach sa Phlean Straitéiseach bainte amach go maith ag an gComhairle Cheardaíochta. Tá an dul chun cinn a rinneadh i gcoinne gach sprioc sa Phlean leagtha amach in Aguisín A.

Ba cheart suntas a thabhairt do na feidhmeanna seo a leanas:

- tá éacht maith déanta ag an gComhairle Cheardaíochta sa dhul chun cinn atá déanta acu ag tacú le ceardaithe agus gnóthaí i bhforbairt táirgí nua agus ag tabhairt na táirgí sin chun an mhargaigh. Is tréith eile den Chomhairle Cheardaíochta é forbairt táirgí nua trí réimse leathan scéimeanna agus forbraíodh breis agus 200 táirge nua nó raon táirgí nua lena cabhair.
- is é an phríomh mhodh chun ioncam a ardú do cheardaithe agus chun láimhdeachas na hearnála a mhéadú, ná breis taispeántais ar an margadh idirnáisiúnta agus an margadh in Éirinn. Mar an phríomh threo chun margaigh sa bhaile agus i géin, tá Showcase ag

> "tá an Chomhairle Cheardaíochta ag cur dearadh agus margaíocht go buan ar bharr chlár oibre an tionscail ceardaíochta."

gineadh méid suntasach díolacháin do cheardaithe le €39.3 milliún in ordaithe ceardaíochta tógtha thar saol an phlean. Tá raon leathan cláir mhargaíochta forbartha ag an gComhairle Cheardaíochta do gnóthaí ceardaíochta le haonaigh ceardaíochta in Éirinn (12 aonach le 600 fiontar ag baint leasa astu), agus misin trádála thar lear, an chuid is mó i SAM agus Sasana.

- tá clár taispeántais na Comhairle Ceardaíochta ag fás ó neart go neart agus seasann sé do ranníocóir mór i leith próifíl na hearnála a ardú. Tháinig 300,000 cuairteoir go dtí clár taispeántais na Comhairle Ceardaíochta le linn na trí bliana seo chaite, rud a chruthaíonn bonn láidir chun suim na gceannaitheoirí a mhéadú i mbreis luacha an dhearaidh agus an nuáil. Cuireann an Gailearaí Ceardaíochta Náisiúnta stáitse ar leith an bhliain ar fad chun an cheardaíocht Éireannach is fearr a thaispeáint.
- thóg an Chomhairle Cheardaíochta céimeanna tábhachtacha i leathnú nádúir agus raon a tacaíochta don ghnó ceardaíochta – bhain 1,500 gnó áis as tacaíocht mheantóireachta, cláir thraenála cheirde agus oiliúint ghnó. Tá lán oirbheart á bhaint as an ngaolmhaireacht oiliúnach le heagraíochtaí páirtíochta ar mhaithe le gach áis a bhaint as an gcomhoibriú agus comhair le gréasáin.
- tá leathnú mór déanta ag an gComhairle Cheardaíochta ar a eolas staitistiúil ar an earnáil cheardaíochta trí na hanailísí teascógacha neamhspleácha bliantúla den thionscal ceardaíochta atá á dhéanamh acu ón mbliain 2000. Tá na hanailísí seo anois ag cruthú tosaíocht straitéiseach agus fócas na Comhairle Ceardaíochta, ag ligeann di dhíriú ar thosaíocht atá aitheanta ag an dtionscal. Leis a faisnéis margaíochta feabhsaithe, tá an Chomhairle Cheardaíochta ag déanamh ról láidir di fhéin mar fhoinse eolais – tá a suíomh idirlín aitheanta mar fhoinse eolais luachmhar le 130,000 daoine ag baint áis as an suíomh gach mí. Tá cúrsaíocht do 1,833, ag a nuacht litir 'Stopress', le gach eisiúint agus tá sé ag fáil rátaí sásaimh cliaint éifeachta ag 93%

Aithníonn an Chomhairle Cheardaíochta go bhfuil dúshláin mhóra fós roimh an earnáil agus comhlachtaí ceardaíochta. Caithfear ioncam na gceardaithe a ardú agus láimhdeachas na hearnála a neartú. Déanann anailísí teascógacha neamhspleácha na Comhairle Ceardaíochta an gá atá le fócas ar scileanna dearaidh agus margaíochta do cheardaithe agus a ngnóthaí a dheimhniú. Tá aitheantas forleathan ar an ngá forbartha a chuireann dearadh agus margaíocht ar bharr clár oibre an tionscail ceardaíochta, agus an chinneadh go bhfanfaidh siad mar phríomh fhócas sa Phlean Straitéiseach atá le teacht.

cúig

Timpeallacht Ghnó Dhúshlánach

Cé go raibh fás san earnáil cheardaíochta suas go dtí 2000, tá lagú tagtha ar le dhá bhliain de bharr athruithe móra i gcúrsaí eacnamaíochta ar leibhéal domhanda agus náisiúnta. Is é an phríomh mhargadh do tháirgí ceardaíochta Éireannacha ná an margadh sa bhaile (do 87% de cheardaithe mar a tuairiscíodh i suirbhé le déanaí, le Tuaisceart na hÉireann mar an phríomh mhargadh do 7%, SAM/Canada do 5% agus Sasana do 2%). Díolacháin le turasóirí an phríomh pháirt don mhargadh baile, atá buailte ag imeachtaí le déanaí ar nós an galar Crúibe agus Béil agus tragóid 9/11 agus an tionchar a bhí acu ar an lion turasóirí go hÉirinn.

Tá ceardaithe faoi láthair ag ath-fhéachaint ar dheiseanna margaíochta do cheardaíocht Éireannach, agus tá suim acu sa mhargadh ná bhaineann le turasóireacht agus margaí nua easpórtála. Tá an ath-dhearcadh seo ar struchtúr an mhargaidh ar siúl in am ina bhfuil méadú ag teacht ar iomaíocht domhanda san earnáil. Le blianta beaga anuas, tá sé le feiceáil ón méid breise táirgí ceardaíochta iompórtáilte ag éirí ón gcaighdeán ard ó thíortha forbartha, chomh maith le praghsanna níos lú. Mar sin, tá feabhsú iomaíocht cheardaíocht na hÉireann i gcoinne cúlra le méadú iomaíochta mar phríomh dhúshlán mar atá i ngach ghné de thionsclaíocht na hÉireann. Cé go bhfuil fiontair airithe san earnáil ag fanacht san iomaíocht, tá an gnó ag fáil dian don tionscal mar iomlán. Cé go bhfuil an ráta íseal úis ag tabhairt seans do cheardaithe infheistíocht a mhéadú ina ngnóthaí, tá moilliú déanta ag an eacnamaíocht in Éirinn agus go hidirnáisiúnta ar an éileamh ar tháirgí. Dá bhrí sin, tá athléimneach na hearnála ceardaíochta á thriail anois.

> “Mar sin, tá feabhsú iomaíocht cheardaíocht na hÉireann i gcoinne cúlra **le méadú iomaíochta** mar **phríomh dhúshlán** mar atá i ngach ghné de thionsclaíocht na hÉireann.”

Tá anailís chríochnúil de nósanna thomhaltóirí riachtanach chun tuiscint iomlán ar na margaí éagsúla ceardaíochta a fhorbairt. De bharr breis taistil idirnáisiúnta agus breis ioncaim in aghaidh an duine, tá tomhaltóirí Éireannacha ag fáil níos géarchúisí, níos meabhraí do luach agus níos samhalta maidir le haeistéitice dearaidh. Chomh maith leis sin, tá pobal níos saibhre ag cur éileamh níos mó ar tháirgí ceardaíochta neamh-chaighdeánacha chun teacht ar athrú stíl-saoil. Ciallaíonn sé seo go gcaithfidh an earnáil a bheith níos mó i dtiúin le roghanna an tomhaltóra ná mar a bhíodar cheana. Mar sin féin, oibríonn éirimiúlacht mhargaigh níos fearr a fhorbairt i dhá bhealach. Ní amháin go gcuireann sé ar chumas lucht ceardaíochta a dtáirgí a dhearadh ar son éileamh a gcustaiméirí, ach tugann sé deis dóibh chomh maith tionchar a bheith acu ar cad a cheannóidh an custaiméir trí phróiseas ‘foghlamtha’ a thugann aird ar thréithe píosaí ceardaíochta atá dearthaagus déanta go maith. Mar sin féin, féachann siad seo níos mó ar thréithe fadtéarmacha do fhorbairt mhargaíochta.

> “De bharr breis taistil idirnáisiúnta agus breis ioncaim in aghaidh an duine, tá tomhaltóirí Éireannacha ag fáil **níos** géarchúisí, **níos** meabhraí do luach agus **níos** samhalta maidir le haeistéitice dearaidh.”

Tá dúshlán aitheanta forbartha don earnáil cheardaíochta le feiceáil sa suim atá ag na tomhaltóirí i dtáirgí níos nuálaí le dearadh níos fearr orthu. Déanfaidh cumas agus toilteanas na hearnála chun fhreagairt don suim seo difríocht mhór maidir lena dul chun cinn sa todhchaí.

Forbairt eile gur fiú trácht air is ea an t-athrú céimseach i mionsamhail na tairgeadh ceardaíochta le ‘ealaín’ ag tiomaint an táirgeadh in ionad táirgeadh ag tiomaint na ‘healaíne’. Cuireann sé seo fócas níos géire ar mhianach an dearadh. Is ceann do na príomh dhúshláin anois é don earnáil caighdeán dearadh an táirge a ardú. Ciallaíonn forbairt táirgí deartha níos fearr infheistíocht ama agus airgead a chiallaíonn cinneadh tábhachtach a dhéanamh maidir le riosca. Ciallaíonn sé chomh maith braith go bhfuil ‘stór’ scileanna dearaidh ar féidir leis an gceardaí teacht orthu. Féachfar chomh maith ar an bhféidearthacht lena thuilleadh inniúlacht dearaidh a fhás.

Tá an t-imoibriú idir cheardaithe agus tomhaltóirí ag athrú chomh maith. Ta ionaid dháileacháin do tháirgí ceardaíochta ag eirí níos éagsúil, agus úsáideann an chuid is mó don lucht ceardaíochta níos mó ná aon bhealach amháin chun margaíocht a dhéanamh ar a dtáirgí. Cé gurb é an siopadóireacht díreach an bealach is coitianta, tá sé déanta amach nach bhfuil an t-Idirlín chomh maith fós mar bhealach díolacháin breise. Mar sin féin, tá páirt aige mar uirlis thábhachtach mhargaíochta do siopaí trádála (Suirbhé an Tionscail Ceardaíochta 2001). Ins an áit go bhfuil taithí pearsanta ar an dtáirge riachtanach, leanann siopaí miondíola a bheith tábhachtach , cé go dtaispeánann siopadóirí Éireannacha níos mó táirgí iompórtáilte, atá in iomaíocht díreach le ceardaíocht Éireannach.

“ leanann siopaí miondíola a bheith tábhachtach
cé go dtaispeánann siopadóirí Éireannacha
níos mó táirgí iompórtáilte,
atá in iomaíocht díreach le ceardaíocht Éireannach. ”

Tá sé riachtanach do mhion-fiontair teacht a bheith acu ar eolas agus seirbhísí forbartha má tá siad chun cinneadh oilte a dhéanamh agus rioscaí a laghdú agus go n-éireoidh leo go fadtéarmach i ngnó. Tugann an claonadh a leagadh amach níos luaithe le tuiscint go bhfuil gá le féachaint ar an mionsamhail gnó a bhí go traidisiúnta mar bhonn ag fiontair na hearnála ceardaíochta. San áireamh anseo beidh ath-fhéachaint ar mhianach táirgí ceardaíochta, ath-fhéachaint ar sheasamh mhargaidh táirgí ceardaíochta faoi láthair agus an fhéidearthacht chun margaí a leathnú agus a fhorbairt.

Tá an plean scríofa sa chomhthéacs seo, le fócas soiléir ar chabhrú leis an earnáil socrú leis an ndúshlán de bharr athruithe eacnamaíochta le déanaí agus atá ar siúl fós. Má bhuailtear leis an ndúshlán, beidh tionchar thar theorainn ag an bplean seo.

“ Tugann an claonadh a leagadh amach níos luaithe
le tuiscint go bhfuil
gá le féachaint ar an mionsamhail gnó
a bhí go traidisiúnta mar bhonn ag fiontair na hearnála ceardaíochta.
San áireamh anseo beidh ath-fhéachaint ar mhianach táirgí ceardaíochta,
ath-fhéachaint ar sheasamh mhargaidh táirgí ceardaíochta
faoi láthair agus an fhéidearthacht
chun margaí a leathnú
agus a fhorbairt. ”

sé

Bualadh leis na Dúshláin atá Romhainn.....

Tógann Comhairle Cheardaíochta na hÉireann spás ar leith suas i gceardaíocht na hÉireann. Is í an t-aon comhlacht í agus is é an freagracht príomha atá aige ná tacaíocht a thabhairt d'fhorbairt do cheardaithe agus an earnáil cheardaíochta in iomlán, ach glacann sí go gcaithfidh sí comhoibriú le gníomhaireachtaí coibhneasacha eile a bhfuil aschur gaolmhar acu i dtéarmaí ceardaithe a thacú agus a fhorbairt chun aidhmeanna a ról a bhaint amach.

Cad is ea ról suntasach na Comhairle Ceardaíochta mar sin? Tá freagra na ceiste seo le fáil san obair a dhéanann an Chomhairle Cheardaíochta. Go háirithe:

- Tacaíocht a thabhairt do cheardaithe agus do cheardchuallachtaí, chomhlachais, ghréasáin agus chumainn tríd a dtáirgí agus margaí a fhorbairt agus dá bhrí sin tá siad ag cur lena aischur níos airde i gcóir a dtairgeadh agus ag cur le foirfeacht na hearnála.
- Suimeanna ceardaithe náisiúnta agus idirnáisiúnta a léiriú- go speisialta bíonn an-bhaint aige le príomh riachtanais fhorbartha na hearnála a aithint agus foclaíocht a chur orthu.
- Ag bróicéireacht soláthar na forbartha tráchtála do cheardaithe agus a bhfiontair - cé go soláthraíonn an Chomhairle seirbhísí chuig ceardaithe go díreach, ról níos tábhachtaí ná bheith ag bróicéireacht le gníomhaireachtaí eile. Mar atá sé leagtha amach ins an alt deireanach de "Comhthéacs na Comhairle Ceardaíochta", beidh críochnúlacht trí agus le páirtithe straitéiseacha mar théama athfhillteach in obair na Comhairle thar na trí bliana seo chugainn. Ciallóidh sé seo go mbeidh méadú ag teacht ar an méid babhtaí a mbeidh an Chomhairle Cheardaíochta gafa le páirtíocht straitéiseach ionas na torthaí a sheachadadh don earnáil cheardaíochta.

- Ag oibriú mar acmhainn fhaisnéise do cheardaithe trí bheith mar an gcéad phointe teagmhála i gcóir gach riachtanas eolais. Mar fhoinse eolais agus faisnéise, teastaíonn ón gComhairle Cheardaíochta an cleachtas is fearr a roinnt idir ceardaithe, agus an bóthar a réiteach do cheardaithe ionas go mbeidís ábalta teacht ar an eolas oiriúnach agus léargais. Os rud é go bhfuil an-chuid ceardaithe scoite go coibhneasta, feicfear tábhacht agus éifeacht an ról seo i dtimpeallacht gnó atá 'ríomh-ábalta' de bharr ábhar leictreonach.
- Ag spreagadh breáthacht agus cruthaíocht i dtáirgeacht ceirde agus dearadh.
- Ag cur ceirdeanna agus ceardaithe chun cinn trí straitéisí cuspóireacha atá déanta amach go cúramach agus a dhíríonn ar choincheap ceirdeanna 'Éireannacha' agus a dtréithe agus a mbuanna a chur chun cinn.
- Go hachomair, ba mhaith leis an gComhairle Cheardaíochta seasamh ceart d'earnáil cheardaíochta na hÉireann atá bunaithe ar fhiúntais ar leith - cultúrtha, cruthaitheach agus tráchtála. Chun é seo a dhéanamh tá an Chomhairle Cheardaíochta tar éis Plean Straitéiseach a fhorbairt a leagann amach bealach don todhchaí don earnáil a cheiliúrann a n-oidhreacht ar leith, agus a tharraingíonn ón oidhreacht seo agus a chuireann leis, ionas rath ceardaíocht na hÉireann a chothabháil anois agus sa todhchaí.

"Ba mhaith leis an gComhairle Cheardaíochta seasamh ceart d'earnáil cheardaíochta na hÉireann atá bunaithe ar fhiúntais ar leith - cultúrtha, cruthaitheach agus tráchtála. Chun é seo a dhéanamh tá an Chomhairle Cheardaíochta tar éis Plean Straitéiseach a fhorbairt a leagann amach bealach don todhchaí don earnáil a cheiliúrann a n-oidhreacht ar leith, agus a tharraingíonn ón oidhreacht seo **agus a chuireann leis**, ionas rath ceardaíochta na hÉireann a chothabháil anois agus sa todhchaí."

seacht

Ráiteas den Phríomh-Aidhm agus Luachanna.....

Príomh-Aidhm

Maireann an Chomhairle Cheardaíochta chun
tacaíocht a thabhairt do cheardaíocht na hÉireann
agus é a **chur chun cinn**.

Déanann an Chomhairle Cheardaíochta é seo trí:

- breáthacht a chur chun cinn agus caighdeán a ardú trí cheirdeanna atá deartha agus déanta go maith.
- ag cabhrú le ceardaithe chun gnóthaí rathúla a fhás.
- aitheantas a thabhairt do cheardaíocht Éireannach in Éirinn agus go hidirnáisiúnta.
- aird a tharrach ar an gcruthaíocht agus luach ceardaíocht Éireannach mar scáil buan agus tábhachtach d'indibhidiúlacht i ndomhan ina bhfuil fás i gcónaí ag teacht ar chaighdeánú.
- ag tarrach ar fhéiniúlacht ar leith de cheardaíocht Éireannach idir cheardaíocht thraidisiúnta agus chomhaimseartha.
- ag comhoibriú le réimse leathan eagraíochtaí ar fud oileáin na hÉireann chun ceardaíocht na hÉireann a chur chun cinn agus tacaíocht a thabhairt do cheardaithe.

Luachanna

Cuireann na luachanna seo a leanas taca faoi conas a thugann an Chomhairle Cheardaíochta éifeacht dá príomh-aidhm:

Comhphobal...ag tacú le cumas cheardaithe chun maireachtáil agus oibriú ar bhonn a choimeádfaidh iad sa tsiúil agus faid na huaire ag fanacht fréamhaithe laistigh dá gcomhphobail áitiúla.

Forbairt... ag tacú le ceardaithe agus fiontair ag gach staid forbartha chun a uaillmhianta a chur i gcrích.

Páirtíocht...ag baint leas as tacaíocht agus saineolas le gníomhaireachtaí eile ionas cuspóirí na hearnála a chur i gcrích, seachas triail ar na cuspóirí a bhaint amach trí úsáid a bhaint as acmhainní na Comhairle Ceardaíochta amháin.

Breáthacht...ag cur breáthacht chun cinn i gach gné de cheird atá táirgthe in Éirinn.

Cuimsitheacht...ag cruthú deiseanna do cheardaithe agus iad siúd go bhfuil suim acu i gceardaíocht baint a bheith acu leis an gComhairle Cheardaíochta.

Eolas agus léargas...tuiscint ar dhinimic an tionscail agus na ceirde a scaipeadh tríd an earnáil agus an bpobal.

Nuáil agus cruthaíocht...ag spreagadh dearadh nua agus cruthaíocht i bhforbairt táirge mar phíosaí tábhachtacha do chomórtas na todhchaí.

Oidhreacht... ag ceiliúradh na féiniúlachta ar leith atá ag ceardaíocht Éireannach, idir ceardaíocht thraidisiúnta agus ceardaíocht comhaimseartha agus an tírdhreach ar leith, dathanna agus ábhair a thugann inspioráid don obair seo.

Foghlaim fad-shaoil...ag spreagadh ceardaithe ag gach staid dá bhforbairt chun a scileanna a athnuachan go leanúnach.

Luach na gceirdeanna...ag cur chun cinn luach na ceardaíochta mar fhoinse shaibhriú phearsanta do gach aon duine

ocht

!

Spriocanna Ard-Leibhéil na Comhairle Ceardaíochta...

Ag tarrach ar Chomhthéacs agus Príomh-Aidhm na Comhairle Ceardaíochta, tá 5 Sprioc Ard-Leibhéil aitheanta chun obair na Comhairle a threorú thar na trí bliana seo chugainn. Tá siad seo tar éis a bheith forbartha ionas go mbeidh an tionscal agus an Chomhairle Cheardaíochta ábalta eolas a bhealaigh a fháil arís in aghaidh coinníollacha eacnamaíochta a chaitheann Ceardaíocht na hÉireann cur suas leis inniu agus na coinníollacha a bheidh ann don trí bhliain seo chugainn.

> “Cé go bhfuilid curtha i láthair leo féin, tá na spriocanna ard-leibhéil ceangailte go dlúth.”

Is iad na Spriocanna Ard-Leibhéil atá an Chomhairle Cheardaíochta ag dul sa tóir orthu ná:

Téama... dearadh

Sprioc Ard-Leibhéil

Ag oibriú chun cur le caighdeán agus mianach dearadh i gceardaíocht Éireannach thraidisiúnta agus chomhaimseartha, agus chun meas dearadh a leathnú agus a chur chun cinn in obair cheardaíochta thar an sochaí in iomlán agus meas a tharrach air agus chun oibriú mar chatalaíoch i gcomhráití i ndearadh, ealaín agus ceardaíocht.

An fáth go bhfuil an sprioc tábhachtach

Beidh forbairt mianach dearadh traidisiúnta agus comhaimseartha an-thábhachtach i gcóir sláinte na hearnála sa todhchaí. Tá ról lárnach ag an gComhairle Cheardaíochta ag spreagadh foirfeacht i ndearadh agus dá bhrí sin ag tacú le gníomhaíocht chruthaitheach.

Téama... faisnéis

Sprioc Ard-Leibhéil

Ag cur an Chomhairle Cheardaíochta i láthair mar acmhainn fhaisnéise agus eolais atá le fáil go héasca a sholáthróidh freagraí do cheisteanna atá oiriúnach do chleachtas agus gnó san earnáil cheardaíochta.

An fáth go bhfuil an sprioc tábhachtach

Tá gá aitheanta d’acmhainn "lárnach" i gcóir na ceardaithe go léir , ceannaitheoirí agus baill den phobal atá ag lorg eolas ar aon réimse den earnáil. Chomh maith le sin tá gá leis go roinneadh ceardaithe scileanna, léargais agus taithí lena chéile.

Téama... margaíocht

Sprioc Ard-Leibhéil

Ag cur ceardaíocht na hÉireann chun cinn agus ag obair le ceardaithe chun cabhrú leo dinimic agus iompar margaidh a thuiscint agus deiseanna margaidh a aithint, agus chun leas a bhaint astu ionas smacht a bheith acu as cé chomh maith agus a n-éireoidh leo ó thaobh tráchtála de.

An fáth go bhfuil an sprioc tábhachtach

Tá ardú ioncam na gceardaithe (áit a bhfuil 64% le láimhdeachas de 30,000 nó níos lú) mar bhun-chloch thábhachtach do shainordú na Comhairle Ceardaíochta. Soláthraíonn oscailt deiseanna chuig margaí nua, ardán i gcóir ardú ioncam don earnáil in iomlán agus ceardaithe ina n-aonar.

Téama... oideachas

Sprioc Ard-Leibhéil

Ag obair mar sholáthraí seirbhíse neamhspleách agus ag obair le chéile le soláthraithe seirbhíse eile chun seirbhísí traenála agus oideachais a dhearadh ionas go mbeidís ábalta déileáil leis na riachtanais a n-éireoidh san earnáil cheardaíochta. Lorgóidh an Chomhairle Cheardaíochta an teacht atá ag ceardaithe agus daoine a bheidh mar cheardaithe sa todhchaí ar na seirbhísí seo a leathnú agus a láidriú.

An fáth go bhfuil an sprioc tábhachtach

Chun a grinneas gnó agus deartha a láidriú, bíonn ceardaithe de shíor ag lorg a scileanna gnó agus ceardaíochta a athnuachan. Ní féidir leis an gComhairle Cheardaíochta na riachtanais seo go léir a shásaimh leis fhéin toisc an scála gníomhartha oideachais agus traenála a bheith chomh mór. Beidh ról tábhachtach á thógáil aige i gcabhrú le ceardaithe chun cláir fhoghlama a aithint agus a fhorbairt trí sholáthraithe foghlama eile.

Téama... aitheantas

Sprioc Ard-Leibhéil

Ag cur le haitheantas ceardaíochta Éireannach in Éirinn agus go hidirnáisiúnta. Cinnteoidh an Chomhairle Cheardaíochta go mbeidh aitheantas poiblí feiliúnach á fháil ag ceardaithe a léireoidh máistreacht ina gceird.

An fáth go bhfuil an sprioc tábhachtach

Ní fhaigheann ceardaithe an aitheantas forleathan ón sochaí atá tuillte acu. Dá bhrí sin ardóidh an Chomhairle Cheardaíochta aitheantas na ceardaíochta agus na gceardaithe thar saol an phlean.

Tá sé intuigthe i ngach ceann de na Spriocanna Ard-Leibhéil seo go bhfuil sé ar intinn ag an gComhairle Cheardaíochta obair le gníomhaireachtaí páirtíochta i dTuaisceart na hÉireann, chun an earnáil cheardaíochta a chur chun cinn, a thacú agus a fhorbairt ar oileán na hÉireann in iomlán.

“Ins na ranna a leanas leagfaidh an Chomhairle Cheardaíochta
na cuspóirí áirithe amach
atá bainteach le gach ceann de na spriocanna seo
agus
Na gníomhartha **tacaíochta**
a chabhróidh linn chun iad **a bhaint amach**.”

Sprioc Ard-Leibhéil 1

dearadhdearadh[1]dearadhdearadhdearadhdearadhdearadhdearadhdearadhdearadh

“Oibriú chun cur le
caighdeán agus mianach dearadh
i gceardaíocht Éireannach thraidisiúnta agus chomhaimseartha,
agus chun meas dearadh a leathnú
agus a chur chun cinn
in obair cheardaíochta thar an sochaí in iomlán.”

Cuspóirí

Déanfaidh an Chomhairle Cheardaíochta:

(1.1) ceardaithe a thacú i bhforbairt a scileanna dearaidh agus an chaighdeán deartha a ardú.

(1.2) an cleachtas is fearr i ndearadh traidisiúnta agus comhaimseartha a spreagadh agus a thacú, agus éascóidh an Chomhairle Cheardaíochta an malartú de dhearadh nuálaíoch idir cheardaithe Éireannacha agus cheardaithe idirnáisiúnta.

(1.3) tuiscint ar dhearadh i gceardaíocht i measc an phobail mór a chur chun cinn.

GNÍOMHARTHA TACAÍOCHTA

Gníomhartha Faoi (1.1)

Déanfaidh an Chomhairle Cheardaíochta:

- Seimineáir, Ceardlanna Meantóireachta agus Laethanta Treochta a eagrú do cheardaithe agus beidh sé ag gníomhú mar an chéad áit a rachaidh daoine atá ag iarraidh dearadh a fheabhsú.
- cabhrú le ceardaithe chun foinsí eolais ar dhearadh atá foilsithe a aimsiú, leabharlanna grianghraif agus naisc le foinsí eolais eile m.sh. coláistí dearaidh náisiúnta agus idirnáisiúnta.
- deiseanna a chruthú do dhearthóirí agus do cheardaithe chun oibriú le chéile sa spás céanna agus ar an dtionscadal céanna.

Gníomhartha Faoi (1.2)

Déanfaidh an Chomhairle Cheardaíochta

- scéim sparánachta a chur i láthair do cheardaithe chun forbairt scileanna dearadh a spreagadh. Beidh baint ag an scéim le tacaíocht a thabhairt do dhul sa tóir ar léinn an dearaidh i gcoláistí dearaidh tríú leibhéal nó cláir oibre le béim ar an nduine aonair.
- scéim ‘dearthóir ar chuairt’ a chur i láthair chun tacaíocht a thabhairt do cheardaithe chun an caighdeán is airde a bhaint amach ina gcuid ceardaíochta. Tabharfaidh sé seo deis do dhearthóirí atá aitheanta go hidirnáisiúnta am a chaitheamh in Éirinn ag obair le ceardaithe Éireannacha. Oibreoidh an Chomhairle Cheardaíochta le Ceardchuallachtaí, Comhlachais, Gréasáin agus Cumainn chun na roghanna is fearr chun an scéim a thabhairt do na ceardaithe a aithint.

Gníomhartha Faoi (1.3)

Déanfaidh an Chomhairle Cheardaíochta

- clár taispeántais a fhorbairt chun an dearadh is fearr i gceardaíocht na hÉireann agus go hidirnáisiúnta a léiriú. Sa chlár seo beidh:
  - *‘príomh’ taispeántas bliantúil ard-chaighdeánach in Éirinn ag léiriú an dearadh is fearr i gceirdeanna do cheardaithe agus tomhaltóirí in Éirinn.*
  - *taispeántais idirnáisiúnta rialta ag léiriú an cuid is fear do cheardaíocht agus dearadh na hÉireann*
  - *taispeántais cheardaíochta ar chamchuairt tríd oileán na hÉireann agus cruthófar naisc níos mó idir spásanna taispeántais i mBaile Átha Cliath agus in áiteanna eile.*
- naisc a fhorbairt le hinstitiúidí cultúrtha eile ar oileán na hÉireann ionas dearadh i gceardaíocht a chur chun cinn.

Sprioc Ard-Leibhéil 2

faisnéisfaisnéis[2]faisnéisfaisnéisfaisnéisfaisnéisfaisnéisfaisnéisfaisnéisfaisnéisfaisn

> “Chun an Chomhairle Cheardaíochta
> a láithriú d’aon turas
> mar acmhainn fhaisnéise agus eolais
> a bhfuil teacht air go héasca
> a sholáthróidh ceardaithe le
> freagraí láithreacha ar cheisteanna
> atá feiliúnach don ghnó agus chleachtas
> san earnáil cheardaíochta.”

Cuspóirí

Déanfaidh an Chomhairle Cheardaíochta:

(2.1) a cumas Bainistíochta Faisnéise a láidriú ionas a go mbeadh sé mar an gcéad agus an bpríomh phointe tagartha do cheardaithe agus dhaoine eile atá ag lorg eolais.

(2.2) gníomhú mar áras imréitigh ag seachadadh eolas idir cheardaithe, cheannaitheoirí, na meáin chumarsáide agus páirtithe eile a bhfuil suim acu ann

(2.3) a thaighde a shíneadh ar threochtaí margaidh agus i measc tomhaltóirí, ionas léargais atá feiliúnach agus tábhachtach san earnáil cheardaíochta a fhoilsiú agus oibriú leo siúd atá gníomhach san earnáil cheardaíochta i dTuaisceart na hÉireann chun cabhrú le sreabhadh an eolais go dtí ceardaithe, gan baint lena saghas gnó nó a suíomh chónaithe ar oileán na hÉireann.

GNÍOMHARTHA TACAÍOCHTA

Gníomhartha Faoi (2.1).....

Déanfaidh an Chomhairle Cheardaíochta:

- teagmháil le ceardaithe agus daoine eile chun a riachtanais eolais áirithe a aithint, agus úsáidfidh an Chomhairle Cheardaíochta an léargas a fhaigheann siad mar bhunús do dháileadh eolais a dheighilt ar eachtraí agus gníomhaíochtaí sa todhchaí.
- athbhreithniú ar struchtúr a bunachar sonraí agus é a thabhairt suas chun dáta, chun a chinntiú go dtugann sé tacaíocht do dheighilt eolais mar is cuí.

Gníomhartha Faoi (2.2).....

Déanfaidh an Chomhairle Cheardaíochta

- próiseas struchtúrtha do bhainistíocht chaidrimh, do cheannaitheoirí agus na meáin chumarsáide, a thabhairt isteach.
- leanúint ar aghaidh le hábhair agus próifíl Stopress a fhorbairt agus a cheangail leis na meáin chumarsáide áitiúla agus náisiúnta a threisiú.

Gníomhartha Faoi (2.3).....

Déanfaidh an Chomhairle Cheardaíochta

- oibriú chun a suíomh idirlín a fheabhsú chun rochtain éasca a thabhairt do cheardaithe agus daoine eile go bhfuil suim acu sa cheardaíochta Éireannach, chun "gréasán samhalta" a chruthú agus malartú eolais níos fearr mar thoradh ar seo.
- cruinnithe rialta struchtúrtha a iarraidh le hinstitiúidí i dTuaisceart na hÉireann chun gnáthamh malartú eolais ar eachtraí agus gníomhaíochtaí a bhunú, agus a dheimhniú go bhfuil réimse naisc cuimsitheach ar an suíomh idirlín chuig na suímh choibhneasacha go léir i dTuaisceart na hÉireann.

Sprioc Ard-Leibhéil 3

gaíochtmargaíocht[3]margaíochtmargaíochtmargaíochtmargaíochtmargaíochtmargaíochtmarga

“ Chun ceardaíocht Éireannach a chur chun cinn agus oibriú le ceardaithe ionas cabhrú leo chun
riachtanais mhargaidh
agus **iompar margaidh a thuiscint**
agus **deiseanna margaidh**
a aithint agus leas a bhaint astu,
ionas smacht a fháil ar a rathúlacht **tráchtála.** ”

Cuspóirí

Déanfaidh an Chomhairle Cheardaíochta:

(3.1) tacaíocht a thabhairt do cheardaithe a dtuiscint i margaí nua a fhorbairt agus cabhrú leo leas a bhaint as deiseanna nua sna margaí sin.

(3.2) aird a tharrach ar cheardaíocht Éireannach i measc daoine a d’fhéadfadh bheith ina gceannaitheoirí.

(3.3) a chaidrimh le sprioc-grúpaí agus gairmeacha a threisiú (m.sh. ailtirí, ceannaitheoirí, na meáin chumarsáide).

(3.4) oibriú chun cur chuige cuimsitheach d’fhorbairt na ceardaíochta thar an oileán in iomlán a chur chun cinn.

(3.5) ceardaíocht a chur chun cinn i measc an chomhphobail corparáideach trí shuim a spreagadh i bpátrúnacht chorparáideach agus coimisiúnú ceirde.

GNÍOMHARTHA TACAÍOCHTA

Gníomhartha Faoi (3.1)

Déanfaidh an Chomhairle Cheardaíochta:

- obair go cóngarach le comhlachtaí feiliúnacha ar thaighde agus soláthróidh sé eolas ar dheiseanna margaíochta i margaí atá ann anois agus margaí atá le teacht do cheardaithe. Áit a bhfuil bearnaí aitheanta i dtaighde margaidh agus tomhaltóra, tógfaidh an Chomhairle Cheardaíochta na céimeanna cuí chun teacht i dtír orthu.
- gníomhú mar ‘áras imréitigh’ ag saothrú naisc idir cheardaithe agus miondíoltóirí i margaí atá ann anois agus margaí atá le teacht.
- naisc níos láidre a chur chun cinn ag leibhéal Boird idir an Chomhairle Cheardaíochta agus chomh-bhoird in Institiúidí Ceardaíochta, Ealaíon agus Cultúrtha coibhneasacha ar fud oileáin na hÉireann.
- a dhícheall chun cur le forbairt thraenáil mhargaíochta atá dartha go speisialta chun teacht i dtír ar riachtanais na gceardaithe trí oibriú go cóngarach le gníomhaireachtaí forbartha feiliúnacha.

Gníomhartha Faoi (3.2)

Déanfaidh an Chomhairle Cheardaíochta

- comhrá a oscailt le grúpaí ceannaitheoirí tábhachtacha ionas próifíl ceirdeanna Éireannacha a chur chun cinn.
- caidreamh idir na meáin chumarsáide agus an Chomhairle a fhorbairt ionas ceirdeanna Éireannacha a chur faoi bhráid pobal níos leithne.
- Showcase a chur sa phríomh áit do cheardaíocht Éireannach don earnáil mhiondíola in athuair agus dul chun cinn a mheas go bliantúil.
- ceardaithe a spreagadh agus áis a thabhairt dóibh slite díreacha a fhorbairt chuig an margadh.

Gníomhartha Faoi (3.3)

Déanfaidh an Chomhairle Cheardaíochta

- imeachtaí a fhorbairt atá dírithe ar ghrúpaí tábhachtacha ionas an ceardaíocht is fearr in Éirinn a léiriú.

Gníomhartha Faoi (3.4)

Déanfaidh an Chomhairle Cheardaíochta

- obair leis an gComhairle Ealaíon i dTuaisceart na hÉireann, institiúidí acadúla, ceardchuallachtaí agus ceannaitheoirí i dTuaisceart na hÉireann chun staid agus próifíl na ceardaíochta ar oileán na hÉireann a láidriú

Gníomhartha Faoi (3.5)

Déanfaidh an Chomhairle Cheardaíochta

- comhrá a oscailt le comhlachtaí poiblí chun ceardaíocht na hÉireann a chur chun cinn agus go mór mhór chun clár coimisiúnú ceirde a thosú.
- teagmháil le Fáilte Éireann agus iompróirí inmheánacha maidir le staid cheardaíocht Éireannach i láithreacha poiblí agus turasóireachta atá suntasach.

Sprioc Ard-Leibhéil 4

deachas**oideachas**[4]oideachasoideachasoideachasoideachasoideachasoideachasoideachasoidea

“ Chun oibriú mar sholáthraí seirbhíse neamhspleách agus,
mar aon le soláthraithe seirbhíse eile,
cabhrú le forbairt
cláir oideachais agus thraenála
ionas teacht i dtír ar na **riachtanais** atá ag fás
san earnáil cheardaíochta agus déanfaidh an Chomhairle
Cheardaíochta iarracht teacht ar na cláir seo
do cheardaithe a leathnú agus a láidriú. ”

Cuspóirí

Déanfaidh an Chomhairle Cheardaíochta:

(4.1) dul sa tóir ar pholasaí beartaithe de sholáthar traenála measctha, a bhaineann úsáid as seachadadh traenáil dhíreach agus indíreach.

(4.2) iarracht a bheith ina pháirtí aitheanta i bhforbairt ábhar chláir oideachais agus an bhaint atá acu le ceardaíocht, in oideachas den chéad, dara agus tríú leibhéal.

(4.3) bealaí soiléire a aithint do cheardaithe ionas go mbeidís in ann a gceird agus a gnó a fhorbairt le linn a slí bheatha i slí atá oiriúnach dá riachtanais féin.

(4.4) gníomhú mar bhróicéir idir cheardaithe agus soláthraithe oideachais/traenála le deimhniú go bhfuiltear ag teacht i dtír ar phríomh riachtanais fhoghlama na ndaoine.

(4.5) tacaíocht a thabhairt do cheardaithe i gcáilíochtaí múineadh feiliúnacha a bhaint amach ionas go mbeidís ábalta meas ar a gceird a mhúineadh agus a chur chun cinn.

GNÍOMHARTHA TACAÍOCHTA

Gníomhartha Faoi (4.1)

Déanfaidh an Chomhairle Cheardaíochta:

- leanúint ar aghaidh le seirbhísí traenála díreacha a sholáthar áit a bhfuil sé ábalta an costas a chlúdach go héasca agus áit a bhfuil mianach na traenála sin aitheanta agus meas air san earnáil cheardaíochta.
- cabhair a thabhairt chun traenáil a chur ar fáil go "hindíreach" trí labhairt le soláthraithe traenála chun a ‘curricula’ a shíneadh agus cláir thraenála nua a fhorbairt mar is cuí mar an chéad fhreagra ar riachtanais thraenála nua a chomhlíonadh.

Gníomhartha Faoi (4.2)

Déanfaidh an Chomhairle Cheardaíochta:

- forbairt clár ceangail a spreagadh i gcóir scoileanna den chéad agus dara leibhéal, a chuireann coincheap dearadh i gceardaíocht chun cinn, agus comhráite a oscailt leis an Roinn Oideachais agus Eolaíochta chun é a chur ar aghaidh.
- naisc a fhorbairt le coláistí tríú leibhéal, ollscoileanna agus institiúidí eile chun dul i bhfeidhm ar ábhar a gcúrsaí ceardaíochta ionas go dtiocfaidh siad le riachtanais aitheanta do scileanna na gceardaithe.

Gníomhartha Faoi (4.3)

Déanfaidh an Chomhairle Cheardaíochta:

- obair i bpáirtíocht le coláistí tríú leibhéal chun deiseanna i gcóir tuilleadh taighde a aithint agus a chur chun cinn, chun "máistreacht" i gceirdeanna a chur chun cinn agus/nó an tuiscint ar cheardaíocht a fheabhsú san earnáil.

Gníomhartha Faoi (4.4)

Déanfaidh an Chomhairle Cheardaíochta:

- tabhairt faoi anailís de riachtanais fhorbartha don earnáil cheardaíochta i gcomhairle le ceardaithe chun príomh riachtanais na hearnála a aithint.
- acmhainn eolais a chruthú do na ceardaithe go léir, trí shuíomh idirlín na Comhairle Ceardaíochta, ar fhorbairt deiseanna reatha le naisc shoiléire go dtí soláthraithe traenála..

Gníomhartha Faoi (4.5)

Déanfaidh an Chomhairle Cheardaíochta:

- obair leis an Roinn Oideachais agus Eolaíochta agus na comhlachtaí oideachais cuí, chun cabhrú le ceardaithe atá cláraithe leis an gComhairle Cheardaíochta teacht a bheith acu ar chláir thraenála mhúinteoireachta chreidiúnaithe ag dul i dtreo cáilíocht fhormheasta.

Sprioc Ard-Leibhéil 5

heantasaitheantas[5]aitheantasaitheantasaitheantasaitheantasaitheantasaitheantasa

“ Próifíl cheardaíocht Éireannach a ardú
in Éirinn agus go hidirnáisiúnta.
Cinnteoidh an Chomhairle Cheardaíochta
chomh maith go bhfaighidh siad siúd
a léiríonn máistreacht leanúnach ina gceird
an t-aitheantas ón bpobal atá tuillte acu. ”

Cuspóirí

Déanfaidh an Chomhairle Cheardaíochta:

(5.1) breáthacht i gceardaíocht na hÉireann a chur chun cinn trí obair a aithint agus cur síos a dhéanamh ar an obair a léiríonn an chuid is fearr de cheardaíocht thraidisiúnta agus chomhaimseartha, agus lorgóidh an Chomhairle chomh maith na ceardaithe a sholáthraíonn obair atá aitheanta i measc Éireannaigh a bhfuil an méid is mo bainte amach acu.

(5.2) coincheap na ndaoine a leagann síos caighdeán a chur chun cinn, agus cinnteoidh an Chomhairle Cheardaíochta go bhfaighidh na daoine a chleachtann é seo an méid aitheantais is mó i meáin chumarsáide na hÉireann agus na meáin chumarsáide idirnáisiúnta.

(5.3) iarracht chun oibriú le heagraíochtaí cultúrtha agus oideachais ar fud oileáin na hÉireann le cinntiú go mbeidh ceardaithe i dTuaisceart na hÉireann ábalta teacht a bheith acu ar aon shocruithe a éiríonn chun tacaíocht a thabhairt don chreatlach aitheantais.

GNÍOMHARTHA TACAÍOCHTA

Gníomhartha Faoi (5.1)

Déanfaidh an Chomhairle Cheardaíochta:

- struchtúr a chruthú don earnáil cheardaíochta – ar aon dul le hAosdána– soláthróidh sé sin feithicil don aitheantas iomlán agus ceart dóibh siúd a bhfuil an caighdeán is airde bainte amach acu ina gceird.

Gníomhartha Faoi (5.2)

Déanfaidh an Chomhairle Cheardaíochta:

- ceardaí éagsúil a chur chun cinn gach mí agus go ndéanfaí cur síos air nó uirthi sna meáin chumarsáide náisiúnta agus/nó idirnáisiúnta.

Gníomhartha Faoi (5.3)

Déanfaidh an Chomhairle Cheardaíochta:

- comhrá a oscailt le hionadaithe ó institiúidí cultúrtha ar fud oileáin na hÉireann, chun páirt a thógáil i ngrúpa oibre chun creatlach aitheantais a dhearadh agus a fhorbairt a bheidh oscailte do na ceardaithe go léir atá ag obair ar oileán na hÉireann.

naoi

Ag forbairt na Comhairle mar Eagraíocht leis an gCleachtas is Fearr.....

Léiríonn na cúig sprioc ard-leibhéil, atá aitheanta ag an gComhairle Cheardaíochta chun treorú lena gcuid oibre don trí bhliain seo chugainn agus thar sin, dúshlán nuair a thagann sé chomh fada lena gcur i gcrích. Tá an Chomhairle Cheardaíochta tugtha dá heagraíocht a thógáil ionas go mbeidh sé san áit ceart chun seirbhísí den scoth a sheachadadh chun riachtanais cheardaithe a chomhlíonadh. Os rud é go bhfuiltear ag forbairt na Comhairle Ceardaíochta mar eagraíocht leis an gcleachtas is fearr, cuirfidh an Chomhairle leis na prionsabail seo, Comhairle chuimsitheach, thrédhearcach agus oscailte a oibríonn i bpáirtíocht chóngarach le gach páirtí gur féidir leo cur le forbairt na hearnála agus ceardaithe aonair ar fud oileáin na hÉireann.

Sprioc na hEagraíochta – an Chomhairle Cheardaíochta a fhorbairt mar eagraíocht leis an gcleachtas is fearr atá tréithrithe ag an mbreáthachta lena dhéanann sé seirbhísí a sheachadadh do leas na gceardaithe agus geallsealbhóirí eile.

> “ cuirfidh an Chomhairle leis na prionsabail seo:
> Comhairle **chuimsitheach, thrédhearcach** agus **oscailte,**
> a oibríonn i **bpáirtíocht chóngarach** le gach páirtí
> gur féidir leo cur le forbairt na hearnála
> agus ceardaithe aonair
> ar fud oileáin na hÉireann. ”

Cuspóirí

Déanfaidh an Chomhairle Cheardaíochta:

(1) a chleachtaí cumarsáide a láidriú ionas níos mó tacaíocht a thabhairt dóibh siúd atá liostáilte ar Chlár Fiontraíochta Ceardaíochta na Comhairle Ceardaíochta agus geallsealbhóirí eile le suim i gceardaíocht Éireannach.

(2) scileanna agus muinín laistigh den eagraíocht a fhorbairt ionas seirbhís mhaith a sheachadadh do cheardaithe agus gheallsealbhóirí eile.

(3) athbhreithniú ar a gcórais agus a bpróisis ghnó go léir agus iad a fhorbairt ionas go mbeidh an Chomhairle Cheardaíochta in ann seirbhís mhaith a sheachadadh dá gcliaint.

(4) a chinntiú go dtugann teicneolaíocht na Comhairle Ceardaíochta tacaíocht don eagraíocht trí sheirbhís mhaith a sheachadadh dá cliaint.

(5) caighdeáin do phointí cóimheasa a fhorbairt ionas go mbeidh sé ábalta measúnú feidhmíochta a dhéanamh.

Gníomhartha Faoi (1).....

Déanfaidh an Chomhairle Cheardaíochta:

- athbhreithniú ar na bealaí cumarsáide atá ann faoi láthair.
- cláir chumarsáide atá ann cheana féin a láidriú ionas a chinntiú go mbeidh gach geallsealbhóir le suim i gceardaíocht na hÉireann coimeádta suas chun dáta maidir le obair na Comhairle Ceardaíochta.

Gníomhartha Faoi (2).....

Déanfaidh an Chomhairle Cheardaíochta:

- clár traenála agus forbartha na Comhairle a láidriú don Bhord agus d’fhoireann na Comhairle Ceardaíochta
- stíleanna oibre nuálaíocha agus comhoibrithe a ghlacadh.
- naisc shoiléire a fhorbairt idir fheidhmíocht an duine aonair agus feidhmíocht na heagraíochta.

Gníomhartha Faoi (3).....

Déanfaidh an Chomhairle Cheardaíochta:

- athbhreithniú ar úsáid agus an tslí a chuirtear an Clár i bhfeidhm mar phríomh-chóras eolais.
- Plean Gníomhaíochta Seirbhíse Custaiméara a fhorbairt chun mianach agus caighdeán seirbhíse a shainmhíniú.
- athbhreithniú ar bhealaí tacaíochta margaíochta na Comhairle Ceardaíochta atá ann faoi láthair (Showcase agus araile).
- Táscairí Feidhmíochta Iomadúla a bhunú ionas obair ghnó a leanúint.
- tacaíocht a thabhairt don Bhord le heolas atá ag teastáil chun a dhualgais rialacháin chorparáideacha a chomhlánú.

Gníomhartha Faoi (4).....

Déanfaidh an Chomhairle Cheardaíochta:

- suíomh idirlín na Comhairle Ceardaíochta a fhorbairt ionas a chinntiú go bhfuil sé éasca le tuiscint agus soiléir don chliaint.
- feidhm an suímh idirlín a leathnú ionas a ról mar bhealach cumarsáide agus mar acmhainn eolais a láidriú.
- an córas eolais faisnéise atá ag tabhairt tacaíocht don Chlár a láidriú le deimhniú go gcuirfidh an Chomhairle Cheardaíochta na ceardaithe leis na gníomhartha agus an eolas cuí.

Gníomhartha Faoi (5).....

Déanfaidh an Chomhairle Cheardaíochta:

- slite aiseolais ó chliaint na Comhairle Ceardaíochta a fhorbairt agus a shíneadh ionas a feidhmíocht mar eagraíocht a sheiceáil.
- pointí cóimheasa d'fheidhmíocht eagraíochtaí comhthreomhara i gcomhthéacs Eorpach agus idirnáisiúnta a aithint agus a luacháil.
- "Creatlach Luach ar Airgead" a fhorbairt don eagraíocht ag leagadh amach tomhais i gcóir Eacnamaíocht, Feidhmiúlacht agus Éifeachtacht.

"Sprioc na hEagraíochta...
chun an Chomhairle Cheardaíochta a fhorbairt mar
eagraíocht leis an gcleachtas is fearr
atá tréithrithe ag an mbreáthacht
lena dhéanann sé seirbhísí
a sheachadadh do leas na gceardaithe
agus geallsealbhóirí eile."

deich

Ag baint amach Spriocanna agus Cuspóirí na Comhairle Ceardaíochta.....

Ginerálta

Mar thoradh ar an bPlean Straitéiseach seo, d'ullmhaigh an Phríomh Fheidhmeannach agus a fhoireann Plean Gnó i gcóir gach ceann de na trí bhlianta ag clúdach na tréimhse 2004-2006.

Á dhéanamh seo, thug an grúpa bainistíochta sinsearach faoi deara go gcaithfidh siad:

- tosaíocht a thabhairt do na Gníomhartha Tacaíochta leagtha amach sa cháipéis seo.
- na hacmhainní atá ag teastáil ó gach gníomh tacaíochta a aithint agus na hacmhainní atá ar fáil a dháileadh laistigh don oifig mar is cuí.
- tomhais aschuir cuspóireacha atá beartaithe a leagadh síos a léiríonn an líon agus an caighdeán atá le baint amach.
- Táscairí Feidhmíochta Iomadúla (TFI) a fhorbairt ionas dul chun cinn i gcuspóirí a bhaint amach a leanúint (beidh TFI le gach cineál oibre na Comhairle Ceardaíochta a leanúint san áireamh anseo). Déanfar forbairt chomh maith ar thomhais fheidhmíochta ionas dul chun cinn a mheas i réimsí eile ar nós ullmhúchán agus craobhscaoileadh tuarascálacha speisialta, agus an baint atá idir chomhlachtaí agus institiúidí eile a d'fhéadfadh cur leis an earnáil Cheardaíochta, agus rath na Comhairle Ceardaíochta i láidriú córais ghnó inmheánacha na Comhairle féin.

- na tionchair atá bainte amach faoi gach cuspóir a aithint (i dtéarmaí tionchair thairbheacha bainte amach do cheardaithe nó don earnáil cheardaíochta go forleathan).
- fráma ama a ullmhú do gach bliain den Phlean Straitéiseach seo agus na gníomhartha tacaíochta luaite le tógáil agus na héachtaí comhcheangailte a dhaingniú laistigh den ama seo..

Úsáidfear na pleananna gnó seo chun obair an fheidhmeannaigh a threorú ar bhonn bliantúil agus beidh sé mar phointe lárnach i gcóir athbhreithnithe feidhmíochta ráithiúla a bheidh stiúrtha ag an gCathaoirleach, le páirt ag an bPríomh Oifigeach Feidhmiúcháin agus an grúpa bainistíochta sinsearach laistigh den fheidhmiúcháin.

Cuspóirí agus Frámaí Ama

Ag tarrach ar ghníomhartha tacaíochta atá liostáilte faoi gach ceann de na Spriocanna Ard-Leibhéil atá ag an gComhairle Ceardaíochta, déanfaidh an Chomhairle sraith cuspóirí a fhorbairt. Beidh buaic an éachta seo ann i bhfoirm na Cuspóirí faoi gach Sprioc a bhaint amach ar bhonn brabach thar an dtréimhse trí bliana atá luaite sa Phlean Straitéiseach. Leis an méid aidhmeanna atá bainte amach go tréimhsiúil a thaifeadadh, cuirfidh an Chomhairle Cheardaíochta iad i bhfráma tréimhse ráithe do gach bliain sa Phlean Straitéiseach. Beidh athbhreithniú tréimhsiúil ar an dul chun cinn i gcoinne na haidhmeanna seo ar an gclár oibre ag cruinnithe Bhord na Comhairle Ceardaíochta.

Mar atá léirithe cheana féin, beidh an obair seo leagtha amach i bPleananna Gnó bliantúla do gach bliain clúdaithe sa Phlean Straitéiseach.

Feidhmíocht

Creideann an Chomhairle Cheardaíochta go mbraitheann monatóireacht fheidhmíocht in eagraíocht ar dhá fhachtóir thábhachtacha:

- minicíocht agus nádúr na hathbhreithnithe feidhmíochta i gcoinne cuspóirí atá leagtha amach sna Pleananna Gnó. Braitheann sé seo faoi dheireadh ar bhainistíocht chun an t-athbhreithniú feidhmíochta a threorú agus a thuairisciú chuig an mBord ar an dul chun cinn mar is gá.
- forbairt ar shraith feiliúnach de Tháscairí Feidhmíochta Iomadúla (TFI) a cheadaíonn obair a thomhas i slí imchruthach. Cé go mbeidh na TFI a úsáidfear forbartha i sonraí críochnúil laistigh de chomhthéacs na bPleananna Gnó bliantúla, tá achoimre de thomhais atá mar chomhartha curtha i láthair i leathanaigh 68 - 69.

Táscairí Feidhmíochta Iomadúla

le forbairt i bPleananna Gnó Bliantúla...

Sprioc Ard Leibhéil 1 dearadh.....

- líon na n-imeachtaí tacaíochta dearaidh a thionóladh.
- anailís ar thorthaí agus thionchar.
- dul chun cinn i leith spás do thaispeántais a fhorbairt i mBaile Átha Cliath agus an spás atá ann don Ghailearaí Ceardaíochta Náisiúnta i gCill Chainnigh a leathnú.

Sprioc Ard Leibhéil 2 faisnéis.....

- nádúr agus líon na bhFeabhais i mbainistíocht fhaisnéise a tugadh isteach.
- aiseolas ó úsáideoirí na seirbhísí ar rathúlacht maidir le dáileadh eolais sprice.
- tionchar deimhnithe trí bhainistíocht feabhsaithe den chaidreamh leis an gceannaitheoir/na meáin chumarsáide.
- nádúr agus Líon na gcomaoineacha don suíomh idirlín.

Sprioc Ard Leibhéil 3 margaíocht.....

- líon na n-imeachtaí traenála stiúrtha.
- ceangail forbartha le comhlachtaí i dTuaisceart na hÉireann.
- ceangail le comhlachtaí seachtracha ar chur chun cinn agus seasamh a thabhairt do Cheardaíocht Éireannach.
- nuáil timpeall ócáidí "Showcase" den dara glúin.

Sprioc Ard Leibhéil 4 oideachas.....

- nádúr agus líon na gclár traenála "díreacha".
- nádúr agus líon na gclár traenála "indíreacha"
- an dul chun cinn a rinneadh i ndeiseanna do "thraenáil mhúinteoireachta" do cheardaithe.
- nádúr agus líon na nasc atá forbartha le coláistí tríú leibhéal agus institiúidí eile.
- fairsinge agus tionchar an chláir ceangaltais le scoileanna.

Sprioc Ard Leibhéil 5 aitheantas.....

- nádúr agus tionchar na creatlaí aitheantais a cuireadh i láthair.
- líon agus tionchar píosaí ag na meáin chumarsáide ag ceiliúradh an méid atá bainte amach i gceardaíocht na hÉireann.
- nádúr agus líon na nasc le comhlachtaí ceardaíochta i dTuaisceart na hÉireann.

TUAIRISCEOIREACHT AR DHUL CHUN CHINN

Déanfar athbhreithniú ar dhul chun cinn ar bhunús ceathrúnach in aghaidh sraith de tháscairí feidhmíochta iomadúla a bheidh á fhorbairt ag an bhFeidhmeannas agus á chinntiú ag Bord na Comhairle Ceardaíochta. Cuirfear ráiteas bliantúil ar dhul chun cinn (a bheidh éachtaí a bhainfeadh amach ó thaobh gach TFI mar thaca leis) ar fáil sa Tuarascáil Bhliantúil a ullmhóidh agus a fhoilseoidh an Chomhairle Cheardaíochta.

aguisín A

Na príomh ghníomhartha, thréithe agus bhuntáistí de Phlean Straitéiseach 2000 – 2003 na Comhairle Ceardaíochta.....

SPRIOC

Ardú caighdeáin a chur chun cinn i ndearadh, nuáil, déantúsaíocht agus margaíocht i measc ceardaithe (is é sin chun feabhas a chur ar iomaíocht gnó na bhfiontar ceardaíochta).

gníomhaíochtaí.....

An Clár Taispeántais

tréithe.....

Taispeántais a chuireann píosaí ceardaíochta Éireannacha d'ard-chaighdeán chun cinn agus atá curtha ar chamchuairt laistigh d'oileán na hÉireann, agus thar lear, tar éis seoladh ag Gailearaí Ceardaíochta Náisiúnta na Comhairle i gCill Chainnigh.

buntáistí.....

- seoladh 26 taispeántas thar thréimhse 3 bliana le téamaí nuála agus díriú ar bhreáthacht an táirge.
- an táirgeadh ceardaíochta is fearr curtha faoi bhráid 300,000 turasóir (oileán na hÉireann amháin).
- naisc straitéiseacha cruthaithe le músaeim náisiúnta idir Thuaisceart na hÉireann agus Poblacht na hÉireann.
- é áirithithe go raibh ceardaíocht na hÉireann clúdaithe ag an BBC agus RTÉ (raidió agus teilifís) agus clúdach feabhsaithe ag na meáin phriontáilte.
- 3 thaispeántas mór de Cheardaíocht Éireannach sa Ríocht Aontaithe, sa Chríoch Lochlann agus i Stáit Aontaithe Mheiriceá, ag leagadh bunús i gcóir próifíl idirnáisiúnta.

gníomhaíochtaí.....

Foilseacháin ar Mhianach agus Chleachtas is Fearr:

(is é sin 'For the Love of Craft', 'Network Best Practice', 'Design and Licensing – Getting more Money from your Designs', 'Doing business at Showcase').

tréithe.....

Treoirlínte le haghaidh an cleachtas is fearr:

- d'fhorbairt ghnó, mianach a mhionscrúdú i ngach gné de ghnó ceardaíochta.
- na buntáistí a bhaineann le gníomh comh-mhargaíochta ag grúpaí de mhion-fhiontair.
- ceisteanna tábhachtacha i leith dearadh agus ceadúnas.
- treoir Showcase.

buntáistí.....

- ag tabhairt eolais reatha ar cheisteanna tábhachtacha a aithint ó thaighde leanúnach.

gníomhaíochtaí.....

Obair idir Lámha

Tionscnamh ríomh-ghnó atá deartha chun úsáid na hidirlín a mhéadú ins an earnáil cheardaíochta, agus chun forbairt ghréasáin a comhtháthú i measc na straitéise margaíochta iomláin do gach comhlacht rannpháirteach.

tréithe.....

- bhí bogearraí gréasáin á dhearadh go sainiúil chun úsáideoirí a chumasú chun eolas a smachtú agus a thabhairt suas chun dáta níos éasca.
- traenáladh rannpháirtithe an tionscadail chun an suíomh a choimeád agus chun oibriú le híomhánna digiteacha.
- thug oidí múinte traenáil ar mhargaíocht ghréasáin a comhtháthú le straitéis iomlán do gach rannpháirtí.
- sraith iomlán d'fhoilseacháin ar úsáid ghréasáin.

buntáistí.....

- níos mó ná 200 ráiteas ar shuim faighte.
- 34 seimineár soláthartha i 5 shuíomh.
- níos mó ná 230 seisiún meantóireachta ar leith tugtha.
- 40 suíomh lán nua agus 5 shuíomh chomhtháite de réir na hoibre idir lámha.
- 33 cás staidéir foilsithe agus 3 fhoilseachán idirlín de réir na hoibre idir lámha curtha amach.

gníomhaíochtaí.....

Gradaim Fhorbartha – Táirgí Nua:

- *'Made for America'* – comórtas dearaidh don mhargadh Ceilteach i dTuaisceart Mheiriceá
- *'Limited Edition'* – comórtas dearaidh don mhargadh miondíola uachtarach.

tréithe.....

Rannpháirtithe:

- bhuaileadar le comhairleoirí idirnáisiúnta den scoth a raibh páirteach ina earnálacha féin.
- d'fhorbraíodar plean gnó, rinne siad taighde agus táirge nua.
- thaispeáin grúpaí áirithe a gcuid oibre ag an nGailearaí Ceardaíochta Náisiúnta, Cill Chainnigh *(Tabletop - Márta 2003, Criadóireacht– Deireadh Fómhair 2004)*.
- fuaireadar meantóireacht ar threochtaí san earnáil ó dhearthóirí, stílithe agus iriseoirí.
- seisiúin ghrianghrafadóireachta stílithe.

buntáistí.....

- 125 táirge nua agus/nó raon forbartha agus curtha ar fáil *(Iúil 2001 – Nollaig 2003)*.
- cur chun cinn den scoth ar mhéadú próifíle/mhargaíocht ghrúpa sna meáin stíl-bheatha tábhachtacha *(m.sh. 'House and Home', 'Irish Bride' agus 'New Home')*.

gníomhaíochtaí.....

Seimineáir ar Dheiseanna Margaidh

'Doing Business in the USA' agus *'Doing Business in Europe'*.

tréithe.....

D'aithníodh deiseanna tábhachtacha ó thaobh díolachán i SAM agus san Eoraip agus taispeánadh iad ag taispeántóirí saineolacha agus imeachtaí trádála.

buntáistí.....

- bhí 165 rannpháirtí in ann meas a dhéanamh ar luach na seimineár dá ngnó féin.

gníomhaíochtaí.....

Misin Taighde Thar Lear

tréithe.....

Rannpháirtithe:

- tógadh iad go dtí na himeachtaí trádála is tábhachtaí aitheanta ag ceardaithe agus saineolaithe sa réimse.
- cuireadh 'treoraí taispeántais' ar fáil chun a léiriú do cheardaithe conas an fiúntas is mó a bhaint as a gcuairt.
- buaileadh leis na príomh mhiondíoltóirí agus thithe dearaidh nuair ba chuí.

buntáistí.....

- bhain 32 ceardaí taithí amach ar na margaidh seo roimh infheistíocht i gníomhaíochtaí taispeántais.

gníomhaíochtaí.....

Meantóireacht ar Dhearadh agus Ghnó

- *clinicí réigiúnacha*
- *seirbhís ghutháin ón oifig*

tréithe.....

- seirbhís fhorbartha atá praiticiúil agus fad-réimseach don ghnó ceardaíochta, a phléann le margaíocht, díolacháin, dearadh, táirgeadh agus forbairt ghnó.

buntáistí.....

- 300 gnó ceardaíochta in aghaidh na bliana atá ag baint feidhm as an seirbhís.
- ráta formheasa de 85% ó rannpháirtithe.

gníomhaíochtaí.....

Scéimeanna Tacaíochta/Éascú Gréasáin Ceardaíochta

tréithe.....

Comhoibriú le gréasáin cheardaíochta *(m.sh. gréasán troscáin CREATE, Contemporary Irish Glass, Tús Galway Network, Homethrown)* chun spriocanna margaíochta tábhachta a bhaint amach.

buntáistí.....

- Tá 41 tionscadal grúpa cabhraithe chun aitheantas poiblí agus díolacháin a mhéadú.
- bhain 500 gnó ceardaíochta fiúntas as.

gníomhaíochtaí.....

Traenáil Ghnó tugtha i bpáirtíocht le Boird Fhiontair na gContaetha, Grúpaí LEADER agus Comhairlí Dúiche Tuaisceart na hÉireann

tréithe.....

Clár forbartha gnó modúlach – bhí an curaclam agus ábhar tacaíochta forbartha don tionscal ceardaíochta go speisialta.

buntáistí.....

- ghlac 180 gnó ceardaíochta páirt sa chlár thar 3 bliana.
- ráta sásaimh de 90% ó rannpháirtithe.

gníomhaíochtaí.....

Cláir Thraenála Scileanna

tréithe.....

Traenáil lánaimseartha i ndearadh agus i dtáirgeacht – ag soláthar lucht oibre oilte dos na hearnálacha potaireachta agus seodóra.

buntáistí.....

- bhain 78 céimí poist amach thar 3 bliana i gcomhlachtaí dúchasacha.

gníomhaíochtaí.....

Scéim Árachais Grúpa

tréithe.....

Rátaí níos fearr a dheimhniú ar:
- dliteanas poiblí agus táirge.
- árachas sláinte.
- árachas tionóisce pearsanta.

buntáistí.....

- 167 rannpháirtí in aghaidh na bliana.
- ráta sásaimh de 80%.

TRÁCHTAIREACHT

Tá dearadh agus margaíocht aitheanta de réir taighde na Comhairle Ceardaíochta ar an earnáil cheardaíochta mar dhá dhúshlán tábhachtacha do cheardaithe, gnóthaí ceardaíochta agus don earnáil mar a chéile. Léiríonn an anailís bhliantúil ar an earnáil go bhfuil borradh ar aitheantas don dhá riachtanais fhorbartha seo – ag dearbhú na tosaíochta a thugann an Chomhairle Cheardaíochta dóibh ina céad Phlean Straitéiseach, agus an bhéim a leagadh ar dhearadh agus ar mhargaíocht arís ina Plean Straitéiseach nua.

Gné sainmhínithe den obair a dhéanann an Chomhairle Cheardaíochta ar dhearadh ná a clár taispeántais láidir a léirigh 26 taispeántas thar na trí bliana den phlean agus a tharraing 300,000 cuairteoir san iomlán chuig taispeántais in Éirinn. Leathnaigh an Chomhairle Cheardaíochta amach, ag cur chun cinn taispeántais Éireannacha i Stáit Aontaithe Mheiriceá, sa Bhreatain agus sa Chríoch Lochlann.

Tá an clár taispeántais tábhachtach ach níl sé mar an phríomh ghné i straitéis na Comhairle Ceardaíochta chun an caighdeán dearaidh, nuálaíochta, déantúsaíochta agus margaíochta a ardú. Tharla sé de thoradh an Phlean Straitéiseach go bhfuil béim níos láidre ar fhorbairt tháirge nua le 150 táirge nua forbartha trí thionscnaimh faoin Sprioc. Ba dheiseanna tábhachtacha iad chun an earnáil a chur in iúl ag leibhéal náisiúnta agus idirnáisiúnta. Ina theannta leis an gclár de chúrsaí ar scileanna teicniúla agus scileanna gnó, d'fhorbair an Chomhairle Cheardaíochta tionscnaimh thacaíochta eile, dearadh agus meantóireacht ghnó agus socruithe comhoibrithe le gréasáin cheardaíochta san áireamh. Bain 1200 gnó ceardaíochta sochar as na cláir fhorbartha éagsúla a bhí á thairiscint ag an gComhairle Cheardaíochta.

SPRIOC

Chun díolacháin mhéadaithe ar tháirgí ceardaíochta Éireannacha a chothú trí próifíl na gceirdeanna, na gceardaithe agus an tionscail ceardaíochta a fheabhsú, sa bhaile agus thar lear araon.

---

gníomhaíochtaí.....

Clár Caidrimh Poiblí (CP) ag leagadh béime ar cheardaithe agus ar an dtairge ceardaíochta – dos na meáin chumarsáide náisiúnta

tréithe.....

Sraith d'fheachtais Chaidrimh Poiblí (CP) ag cur chun suntais ceardaithe agus táirgí ceardaíochta Chomhairle Cheardaíochta na hÉireann m.sh. dos na taispeántais go léir ag an nGailearaí Ceardaíochta Náisiúnta, do thionscnamh táirge ar nós 'Tabletop' agus 'Wedding' agus do ghradaim ar nós 'Made for America'. Freisin freagraí ar cheisteanna na meán cumarsáide ar cheardaithe nó ábhair bainteach leis an gceardaíocht – bunaithe ar chaidreamh a fhorbairt leis na príomh mheáin chumarsáide.

buntáistí.....

Níos mó ná 4,460 alt/píosa – díreach agus indíreach – sna meáin chumarsáide áitiúla agus náisiúnta thar 2 bliana den chlár (féach ar CP Chomhairle Cheardaíochta na hÉireann ar leathanach 68). Chruthaigh sé próifíl poiblí níos leithne den cheardaíocht agus a tháirgeoirí.

---

gníomhaíochtaí.....

Cur i láthair ar Chomhairle Cheardaíocht na hÉireann agus ceardaíocht Éireannach do ghrúpaí idirnáisiúnta, gníomhaireachtaí agus lucht tionchair.

tréithe.....

Cur i láthair do Ghrúpaí Idirnáisiúnta éagsúla ar cheardaíocht in Éirinn agus ar obair na Comhairle Ceardaíochta. Cuirtear san áireamh grúpaí ar nós lucht oifigiúla an rialtais, ionadaithe na heagraíochta ceardaíochta agus gníomhaireachtaí tacaíochta ó thíortha ar nós An Chóiré, Oman, Ceanada, an Iodáil, agus an Bhreatain Bheag.

buntáistí.....

10 cur i láthair de ghnáth in aghaidh na bliana thar na tréimhse 3 bliana, ag fógairt an "branda ceardaíochta" Éireannach thar lear.

---

gníomhaíochtaí.....

Scéim Ghrianghrafadóireachta Fhóirdheontaithe

tréithe.....

Clár a sholáthraíonn íomhánna de mhianach ard agus ar chostas íseal do cheardaithe – a bhíonn á úsáid ag Comhairle Cheardaíochta na hÉireann agus an ceardaí chun cuntas na meán cumarsáide a fháil le haghaidh réimse leathan aidhmeanna margaíochta agus CP. Ceadúnas le haghaidh úsáide á choimeád ag Comhairle Cheardaíochta na hÉireann agus an ceardaí araon.

buntáistí.....

Tionóladh 20 Scéim Fhótagrafaíochta Fhóirdheontaithe ó 2000 go 2003 – ghlac 257 ceardaí páirt agus táirgeadh 631 íomhá Méadaíodh clúdach ar cheardaíocht Éireannach sna meáin phriontáilte de bharr íomhánna ceardaíochta táirgthe go proifisiúnta atá infhaighte go leathan níos mó

---

gníomhaíochtaí.....

Banc Íomhá

tréithe.....

Acmhainn digiteach de gach íomhá ceardaíochta ginte ag Comhairle Cheardaíochta na hÉireann – ag cur san áireamh íomhánna don Scéim Ghrianghrafadóireachta Fhóirdheontaithe, don Chlár Taispeántais, do thionscnaimh agus éachtaí chun Táirgí éagsúla a chur chun cinn (m.sh. Showcase agus Christmas Presence). Tá na híomhánna sin léirithe ar-líne chun slí réchúiseach a thabhairt do lucht na meán cumarsáide.

buntáistí.....

Níos mó ná 1000 íomhá a bhí tógtha go proifisiúnta le fáil d'úsáid na meán cumarsáide ar-líne. Tá meastachán de 144 íomhá foilsithe i bhfoilseacháin náisiúnta, réigiúnacha agus thrádála thar 3 bliana.

---

gníomhaíochtaí.....

Aonach Trádála Idirnáisiúnta Showcase

tréithe.....

Bíonn an t-aonach trádála bliantúil seo á riaradh ag Comhairle Cheardaíochta na hÉireann trí chomhlacht comhfhiontair. Tugann sé spás do níos mó ná 9000 ceannaitheoir náisiúnta agus idirnáisiúnta agus níos mó ná 650 lucht taispeántais in aghaidh na bliana. Go háirithe riarann Comhairle Cheardaíochta na hÉireann limistéir an 'Village' – agus limistéar ceirde áirithe ina bhfuil lucht taispeántais roghnaithe de réir mianach na dtáirgí.

buntáistí.....

- bíonn taispeántais ag ionann is 250 mion-fhiontar ceardaíochta in aghaidh na bliana agus tá díolachán de €39.3 milliúin ar mheán thar na 4 bliana de Phlean Straitéiseach 2000 –2003 Chomhairle Cheardaíochta na hÉireann: curtha i gcomparáid le €26.6 milliúin (1996 – 1999), méadú de 48% agus go mór sa bhreis ar bhoilsciú.
- deimhníonn an taighde go léir go bhfuil Showcase mar an phríomh bhealach don mhargadh ag táirgeoirí ceirde chomh maith le FBM faisin agus bronntanais.

gníomhaíochtaí.....

Christmas Presence ag an Aonach Ceardaíochta Náisiúnta –
tionscnamh tréithe ag an aonach miondíola ceardaíochta is mó in Éirinn

tréithe.....

Limistéar brandáilte laistigh den Aonach Ceardaíochta Náisiúnta le haghaidh ceardaithe cláraithe le Comhairle Cheardaíochta na hÉireann roghnaithe ar bhonn mianach ag painéal saineolaithe idirnáisiúnta.

buntáistí.....

- 28 seastán roghnaithe ag Comhairle Cheardaíochta na hÉireann i 2002.
- díolacháin de timpeall €110,080 bainte amach i 2002.
- 23 seastán roghnaithe ag Comhairle Cheardaíochta na hÉireann i 2003.
- clúdach mór sna meáin chumarsáide idir teilifís agus priontáil.

gníomhaíochtaí.....

ccoi.ie suíomh idirlín – feidhm ardú próifíl

tréithe.....

soláthraíonn www.ccoi.ie eolas ar sheirbhís agus imeachtaí go léir Chomhairle Cheardaíochta na hÉireann – agus ina theannta sin tá leathanach ar fáil ag léiriú mion-eolais (agus íomhánna in alán cásanna) ar gach ceardaí atá cláraithe le Comhairle Cheardaíochta na hÉireann. Coimeádann sé an Banc Íomhá freisin.

buntáistí.....

- eolas ar 1,337 ceardaí le fáil ar-líne agus níos mó ná 1000 íomhá ar an mBanc Íomhá
- ráta buaileadh in aghaidh na míosa ná 131,523 (Samhain 2003).

gníomhaíochtaí.....

Rannpháirtíocht ag imeachtaí trádála thar lear
(m.sh Aonach Bronntanais Idirnáisiúnta i Nua-Eabhrac, Sierrad na hOllainne, IJL Londain, Aonach an Earraigh i Birmingham).

tréithe.....

Thóg Comhairle Cheardaíochta na hÉireann seastáin grúpa de dhéantóirí ceirde Éireannacha go himeachtaí tábhachtacha, go mór mhór sna margaidh sna Stáit Aontaithe agus sa Ríocht Aontaithe agus cabhraíodh chun na margaidh sin a mheas le haghaidh forbairt ghnó sa todhchaí do rannpháirtithe thionscnaimh.

buntáistí.....

- tacaíodh le 118 ceardaí ag imeachtaí le sonraí 791 ceannaitheoir taifeadta ar liosta poist Chomhairle Cheardaíochta na hÉireann agus tá sé le fáil do rannpháirtithe na n-imeachtaí.
- 17 imeacht nua curtha faoi thaighde ar feadh 3 bliana.

gníomhaíochtaí.....

Scéim Tacaíochta d'Aontaí Ceardaíochta Réigiúnacha

tréithe.....

Is é comhoibriú idir Comhairle Cheardaíochta na hÉireann agus Gréasáin de mhion-fhiontair cheardaíochta chun díolacháin a mhéadú trí thaispeántais mhianach don thomhaltóir.

buntáistí.....

- 12 taispeántas thar na tréimhse 3 bliana agus 600 mion-fhiontar ag baint sochar as.
- tugadh an deis don phobal chun ceardaíocht fhairsing éagsúil a cheannach go díreach ón ndéantóir.
- bhí méadú ar phoiblíocht sna meáin chumarsáide áitiúla.
- éileamh rannpháirtí idir lámha (le fáil sa taighde tionscail bliantúil) le haghaidh slite margaidh díreacha.

gníomhaíochtaí.....

Clár Cúrsaí Gearra

Cúrsaí gearra diana ar scileanna déantúsaíochta ar leibhéil ard (órcheardaithe, leabú seoide, agus criadóireacht).

tréithe.....

Cabhair a thabhairt do fhiontair cheardaíochta ag céim an bhunú nó ag céim lárnach dá ngairm gur mhian leo scileanna a mhéadú agus an réimse táirge a leathnú.

buntáistí.....

- 275 rannpháirtí ceardaíochta thar 3 bliana.
- táirgí nua ag cur san áireamh táirgí ó fhiontair rannpháirteacha atá tar éis gradam a bhua.

gníomhaíochtaí.....

Seimineáir Dhíolacháin agus Thaispeána / Tacaíocht Ghnó atá á chur ar bun go náisiúnta agus ag Showcase

tréithe.....

- leagtha amach chun fiontair a ullmhú chun díolachán a chur chun cinn ag taispeántais agus scileanna bainistíochta a bhaineann leis an gcaidreamh custaiméara a fhorbairt.
- comhairle a thabhairt roimh Showcase faoi thaispeáint, dháileadh, phacáistíocht, agus sheirbhísí miondíola eile.

buntáistí.....

- 10 seimineár in aghaidh na 3 bliana.
- 180 rannpháirtí.
- 200 fiontar ceardaíochta le haghaidh gach Showcase.

TRÁCHTAIREACHT

D'ainneoin fianaise go bhfuil margadh níos deacra ann do tháirgí ceardaíochta, tugann an Chomhairle Cheardaíochta cabhair do cheardaithe chun margadh a fháil agus chun próifíl na hearnála a mhéadú go náisiúnta agus go hidirnáisiúnta araon. Leanann Showcase a bheith mar phríomh bhealach na Comhairle Ceardaíochta chuig an mhargadh do cheardaithe. Thar thréimhse an chéid Phlean Straitéisigh, bhí taispeántas ag 250 mion-fhiontar ar an meán gach bliain agus de bharr an taispeántais bhí díolacháin de €39.3 milliúin – méadú de 48% ar fhigiúirí díolacháin go hiomlán 1996 - 1999. Is bealach don mhargadh rí-thábhachtach é an taispeántas, áfach, chun ceardaithe a chumasú chun cuid thábhachtach de láimhdeachas bliantúil an tionscail a fháil.

Tá raon leathan eile de thacaíochtaí eile ar fáil do cheardaithe agus a ngnóthaí ag an gComhairle Cheardaíochta freisin, atá le fáil d'aon cheardaí atá ar an gClár. Cuireann a tionscnaimh san áireamh tacaíocht do rannpháirtithe in aontaí trádála idirnáisiúnta agus iad ar fáil do cheardaithe gur mhian leo onnmhairiú. Ag leibhéal náisiúnta, d'oibrigh an Chomhairle Cheardaíochta go mion le gréasáin chomhlachta chun tacaíocht a thabhairt d'aontaí ceardaíochta réigiúnacha ina raibh 600 mion-fhiontar rannpháirteach i 12 taispeántas ceardaíochta. Thug an Chomhairle Cheardaíochta tacaíocht do 455 ceardaí tríd a sraith de chláir ghearra chun a gcuid scileanna agus a raon táirgí a leathnú, agus go háirithe chun a scileanna caidrimh leis an gcustaiméir agus a scileanna díoltóireachta a fhorbairt. Chuir an Banc Íomhá agus Scéim Ghrianghrafadóireachta Fhóirdheontaithe na Comhairle Ceardaíochta tacaíocht phraiticiúil ar fáil do níos mó ná 250 ceardaí, agus tá 1000 íomhá le fáil ar chruth digiteach. Ba é an éifeacht ná go raibh méadú mór ar chuntais cheardaíochta thar raon leathan de na meáin chumarsáide thábhachtacha.

SPRIOC

Chun a bheith mar an acmhainn is tábhachtaí do eolas agus thuiscint faoi cheardaíocht agus faoin dtionscal ceardaíochta in Éirinn.

gníomhaíochtaí.....

Clár Taighde Staitistiúil –

ag bailiú staitisticí neamhchlaona agus cinnte ar an earnáil cheardaíochta

tréithe.....

Suirbhé thionscail bhliantúil neamhspleách ag cur ar fáil taighde cainníochtúil agus cineálach faoin earnáil (ag cur san áireamh láimhdeachas, fostaíocht, leibhéil onnmhairithe agus araile). Suirbhé agus tuarascáil mhargaíochta mhór ar bhealaí chun an mhargaidh don tionscal ceardaíochta.

buntáistí.....

- 4 tuarascáil lán agus 3 achoimre foilsithe thar 3 bliana – ag líonadh spáis sonraí ar an earnáil cheardaíochta..
- 3,000 tuarascáil lán agus achoimre á dháileadh in aghaidh na bliana.
- chun líon na rochtain, sonraí, tuarascálacha agus achoimrí a bhí foilsithe ar-líne ó 2002 a mhéadú.

gníomhaíochtaí.....

Clár Fiontraíochta Ceardaíochta –

bunachar sonraí le mion-sonraí de gach ceardaí cláraithe le Comhairle Cheardaíochta na hÉireann

tréithe.....

Bunachar sonraí a choinníonn mion-staitisticí ar gach fiontar ceardaíochta atá cláraithe le Comhairle Cheardaíochta na hÉireann agus atá tugtha suas chun dáta go bliantúil agus a bhíonn á úsáid chun staitisticí reatha a bhailiú le chéile ar ábhair ar nós méid gnó, inscne, smacht láithreacha agus araile.

buntáistí.....

- 1,337 ceardaí cláraithe (mar a bhí ar an 31ú Nollaig 2003).

Tá an bunachar sonraí ceangailte go huathoibríoch leis an suíomh idirlín chun cruinneas agus feidhmiúlacht a chinntiú maidir le cur i láthair sonraí.

gníomhaíochtaí.....

Foilseacháin

- *ar ábhair áirithe don Tionscal mar shampla Treoir do Chúrsaí Gearra, Treoir Mhiondíoltóra, Treoir Eolais Ghnó agus araile.*
- *pacáistí/leathanaigh eolais*
- *tuarascáil bhliantúil – tuarascáil bhliantúil ar imeachtaí Chomhairle Cheardaíochta na hÉireann agus an tionchar a bhí acu ar an earnáil.*

tréithe.....

Foilseacháin éagsúla bunaithe ar eolas, dírithe ar cheardaithe agus an pobal go ginearálta.

buntáistí.....

- 11 foilseachán foilsithe agus 101,800 dáilte thar 3 bliana.
- 16 leathanach eolais ar ábhair bainteach leis an earnáil agus ar na seirbhísí atá curtha ar fáil ag Comhairle Cheardaíochta na hÉireann agus ionann is 3,600 dáilte in aghaidh na bliana.
- níos mó ná 2,000 Tuarascáil Bhliantúil á dháileadh go bliantúil agus an tuarascáil 2002 foilsithe ar-líne chun rochtain níos fusa a thabhairt don phobal.

gníomhaíochtaí.....

suíomh idirlín ccoi.ie – feidhm eolais

tréithe.....

Seasann an suíomh idirlín mar fhoinse eolas don phobal, do cheannaitheoirí, do cheardaithe, do chuairteoirí, do mhic léinn, do thaighdeoirí, do ghníomhaireachtaí tacaíochta agus araile. Coinníonn sé réimse leathan foirmeacha, foilseacháin agus cáipéisí gur féidir a íoslódáil agus araile.

buntáistí.....

- 16 foilseachán ar-líne faoi láthair i bhformáid gur féidir a íoslódáil.
- an ráta buaileadh ná 131,523 in aghaidh na míosa faoi láthair, (bunaithe ar fhigiúirí ó Shamhain 2003) ardú ar an meán de 41,000 in aghaidh na míosa i 2002.

gníomhaíochtaí.....

'Stopress' – *an nuachtlitir ag Comhairle Cheardaíochta na hÉireann*

tréithe.....

Foilsítear 'Stopress' sa-bhaile agus cuimsíonn sé nuacht, léirmheasanna agus deiseanna atá le fáil san earnáil cheardaíochta. Dáiltear do gach fiontar ceardaíochta ar an gClár, liosta poist Chomhairle Cheardaíochta na hÉireann (ag cur san áireamh gníomhaireachtaí tacaíochta, coláistí agus gach rud a leagann tionchar ar an tionscal) agus síntiúsóirí.

buntáistí.....

- 10 eagrán foilsithe in aghaidh na bliana.
- 1,833 á dháileadh in aghaidh na bliana.
- gach eagrán foilsithe ar-líne ó Mheitheamh 2003.
- 93% de ráta sásaimh i measc ceardaithe.

TRÁCHTAIREACHT

Ba é dul chun chinn amháin a rinne an Chomhairle Cheardaíochta ná forbairt a ról mar acmhainn eolais ar an earnáil. Léiríonn na tuarascálacha bliantúla don tionscal a bhí á iarraidh ag an gComhairle Cheardaíochta dul ar aghaidh tábhachtach ar líon na staitisticí atá ar fáil ar an earnáil, bhí an easpa staitisticí aitheanta mar easnamh chun i leith fócas straitéiseach a thabhairt d'fhorbairt polasaí don tionscal. Is féidir leis an gComhairle Cheardaíochta, de bharr na tuarascálacha ar an earnáil sin, fócas níos geire a fhorbairt ar riachtanais an tionscail agus ar conas an clár forbartha a mhéadú le haghaidh borradh an tionscail leanúnach.

Ba é tréith eile de dul chun cinn na Comhairle Cheardaíochta ná forbairt de Stopress agus suíomh idirlín na Comhairle. Tá Stopress á luacháil mar fhoinse shaibhir d'eolais do cheardaithe chun iad a choimeád suas chun dáta ar fhorbairt agus ar dheiseanna atá le fáil, agus tá sé sin le feiceáil ar na rátaí sásaimh arda de réir a chéile. Bhí an Chomhairle Cheardaíochta ag iarraidh leas a bhaint as an eolas ar-líne má's féidir agus léiríonn an méadú i líon na gcuairteoirí go dtí an suíomh idirlín an borradh éilimh ar eolas a bheith ar fáil ar-líne.

Tugann an Chomhairle Cheardaíochta faoi deara go bhfuil tuilleadh réimse chun a ról féin mar acmhainn eolais a chur chun cinn, áfach, agus is tosaíocht láidir é sa Phlean Straitéiseach nua. Cuireann an anailís de réir earnála ar an earnáil cheardaíochta le haghaidh 2002 in iúl go bhfuil gá láidir ar thacaíocht eolais a thabhairt do cheardaithe ar nósanna agus threochta an tomhaltóra. De réir a feidhmiú mar acmhainn eolais go dtí an dáta seo, tá an Chomhairle Cheardaíochta in áit mhaith chun forbairt bhreise a dhéanamh ar a ról mar an phríomh fhoinse do sonraí a bhaineann leis an dtionscal agus a mhargaí.

SPRIOC

Chun a bheith mar an eagraíocht a thugann creidiúnaithe ar cheardaíocht in Éirinn, a chuireann san áireamh mianach, déantúsaíochta agus traenáil.

---

gníomhaíochtaí.....

Forbairt de Chreidiúnú Mianaigh

tréithe.....

Chuir taighde neamhspleách ar an bhforbairt de chreidiúnú mianaigh creatlach molta chun cinn - 'Na Gradaim Bhreáthachta' atá deartha chun an cheardaíocht Éireannacha thraidisiúnta agus nua-aimseartha is fearr a chur ar aghaidh agus duais a thabhairt dóibh.

buntáistí.....

Baineann an taighde le forbairt an Phlean Straitéiseach ar Nuálaíocht Táirge 2004 - 2006.

---

gníomhaíochtaí.....

Staidéar ar, agus pleanáil de, theastas ó Comhairle na nDámhachtainí Breisoideachais agus Oiliúna do Cláir Thraenála Chomhairle Cheardaíochta na hÉireann

tréithe.....

Cruinnithe leis an Údarás Gradaim Náisiúnta.

buntáistí.....

- a chruthaigh an bunús do ghníomhaíochtaí teastais sa Phlean Straitéiseach 2004 - 2006.

TRÁCHTAIREACHT

Is cuid chasta é an gradam a bhronnadh agus tá céimeanna tábhachtacha tógtha ag an gComhairle Cheardaíochta chun socruithe níos eagraithe, ach fós so-lúbtha, a leagadh ar shocruithe gradaim thar thréimhse an Phlean Straitéisigh ina dhiaidh sin. D'oscail an Chomhairle Cheardaíochta agallamh leis na heagraíochtaí a thugann gradaim go náisiúnta a bheidh mar bhunús de thionscnaimh áirithe chun soláthar de scileanna teicniúla agus gnó a spreagadh a bheidh dírithe ar riachtanais na gceardaithe, agus beidh ról lárnach le feiceáil chun ceardaithe a spreagadh chun foghlaim fad-saoil a ghlacadh.

SPRIOC

Chun a bheith mar áisitheoir d'fhorbairt eagraíochtaí idirghabhálaithe a chuirfidh sonraí próifíle ar fáil, agus a chuirfidh trasna tuairimí ceardaithe aonair agus fiontair ar leibhéal náisiúnta agus réigiúnach.

---

gníomhaíochtaí.....

Féach 'Scéimeanna Tacaíochta / Éascú Gréasáin Ceardaíochta' i sprioc dár dteideal. 'Ardú caighdeáin a chur chun cinn i ndearadh, nuáil, déantúsaíocht agus margaíocht i measc ceardaithe' ar leathanach 50 – *(is é sin chun feabhas a chur ar iomaíocht gnó na bhfiontar ceardaíochta).*

tréithe.....

Thar an dtréimhse 2001 – 2003, chur Comhairle Ceardaíochta na hÉireann seirbhís éascú ar fáil do ghrúpaí ceardaíochta a bhí ag iarraidh treorú chomónta maidir le forbairt gnó a bhunú.

buntáistí.....

- thug 36 grúpa ceardaíochta cabhair chun na príomh treoraithe chomónta a aithint.
- 21 gréasán ceardaíochta nua cruthaithe.
- thug an Chomhairle cabhair le bunú an bhratchomhlacht i gcóir, Cuallachtaí, Comhlachais, Gréasáin agus Cumainn (CCGC) a bhí bunaithe i 2001 ag gníomhú ar son 48 grúpa.

TRÁCHTAIREACHT

Tá a fhois ag an gComhairle Cheardaíochta go mbraitheann rathúlacht na hearnála ceardaíochta go mór ar obair i bpáirtíocht le réimse gníomhaireachtaí leathan. Tá an Chomhairle Cheardaíochta gnóthach mar sin ag tabhairt tacaíocht do bhunú gréasáin agus bratchomhlacht i gcóir Cuallachtaí, Comhlachais, Gréasáin agus Cumainn (CCGC). Tugtar tosaíocht do chinntiú go bhfuil tionchar ag iarrachtaí comhcheangailte na bpáirtithe éagsúla san earnáil go bhfuil níos mó ná suim na bpáirteanna aonair.

SPRIOC

Chun íomhá agus ról Chomhairle Cheardaíochta na hÉireann a chur chun cinn laistigh d'Éireann.

gníomhaíochtaí.....

Clár Caidrimh Poiblí (CP) dírithe ar ghníomhaíochtaí agus chúrsaí Chomhairle Cheardaíochta na hÉireann.

tréithe.....

Sraith d'fheachtais CP ag aibhsiú pleanáil corparáideach ról Chomhairle Cheardaíochta na hÉireann, gníomhaíocht agus eachtraí feidhmiú ar nós Showcase agus Christmas Presence.

buntáistí.....

- 12 feachtas nuachtáin a bhaineann le Comhairle Cheardaíochta na hÉireann thar thréimhse 2 bliana an chláir. *(Buntáistí CP don sprioc seo san áireamh i staitistic CP taifeadta roimhe seo ar leathanach 56).*

gníomhaíochtaí.....

Taispeántais-bhóthair

- *Inform (Samhradh 2000).*
- *Oppotunities (Meán Fómhair-Samhain 2001).*

tréithe.....

Taispeántais-bhóthair tríd oileán na hÉireann ag cur gníomhartha an Phlean Straitéisigh chun cinn agus ag tógáil ról éisteachta leis na cliaint.

buntáistí.....

- bhí 280 ceardaí i láthair ag 4 eachtraí do 'Inform'.
- bhí 230 ceardaí i láthair ag 7 eachtraí do 'Opportunities'.

TRÁCHTAIREACHT

Tríd agus tríd, bhí tionchar láidir maidir le próifíl Chomhairle Cheardaíochta na hÉireann a ardú ag gach ceann de na gníomhaíochtaí aitheanta sna spriocanna roimhe seo. Tá fianaise ann a léiríonn go bhfuil aitheantas na Comhairle Ceardaíochta ag fás sa earnáil, m.sh. tríd an méid cuairteanna ar an suíomh idirlíon. Chomh maith le seo thóg an Chomhairle roinnt thionscnaimh shainiúla faoi bhráid chun a próifíl a ardú tríd an gcéad Phlean Straitéiseach. Tá a fhois ag an gComhairle áfach, go bhfuil gá le cur chuige níos sprice maidir lena cumarsáide lena lucht éisteachta agus tugtar tosaíocht don ábhar seo sa phlean straitéiseach nua.

SPRIOC

Chun obair le heagraíochtaí ceardaíochta i dTuaisceart na hÉireann chun ceardaíocht Éireannach ó oileán na hÉireann a chur ar an láthair idirnáisiúnta.

gníomhaíochtaí.....

Dul le gníomhaireachtaí tacaíochta ó Thuaisceart na hÉireann maidir le comhoiriúnú maoiniú i gcóir rannpháirtíocht fiontair cheardaíochta ó Thuaisceart na hÉireann i dtionscadail mhargaíochta *(chun Ceardaíocht Chomhaimseartha a chur chun cinn ar an dTeorainn – tionscnamh tras-theorainn ó Mheán Fómhair 1997 – Meitheamh 2001 maoinithe faoi Shíocháin & Réiteach trí Co-operation Ireland).*

tréithe.....

Earcaíocht tras-dlínse cheardaithe i gcóir tionscnaimh na Comhairle Ceardaíochta.

buntáistí.....

- maoiniú tionscnaimh soláthartha go dtí Comhairle Cheardaíochta na hÉireann ó Invest NI ar son rannpháirtithe ó Thuaisceart na hÉireann (€48,000).
- cruinnithe rialta ag tabhairt eolas le hOifigigh Forbartha Ceardaíochta agus a gcuid cliaint ceardaíochta áitiúla agus grúpaí ó Thuaisceart na hÉireann.
- bhí an ráta rannpháirtíochta do Thuaisceart na hÉireann i dtionscnaimh na Comhairle Ceardaíochta ag dul ó 11% go dtí 15% i 2003.

gníomhaíochtaí.....

Comhfhreagras leanúnach agus cruinnithe le heagraíochtaí agus comhlachtaí ceardaíochta i dTuaisceart na hÉireann.

tréithe.....

Tá roinnt imoibriú idir phríomh chomhlachtaí m.sh. Comhairle Chathrach Dhoire, Músaem Uladh, Comhairle Ealaíon Tuaisceart na hÉireann, Invest NI, Comhairle Dúiche Cúil Raithin.

buntáistí.....

- bhunaigh an t-imoibriú dearfach idir na príomh chomhlachtaí sraith gaolta a bheidh tairbhiúil don straitéis i gcóir an cheardaíochta ar oileán na hÉireann sa todhchaí.

TRÁCHTAIREACHT

Ní féidir aon dul chun cinn substaintiúil a dhéanamh faoin sprioc seo go dtí go mbunaítear Aonad Forbartha Ceardaíochta Chomhairle Ealaíon Tuaisceart na hÉireann, a bheidh mar phríomh fhócas ag polasaí ceardaíochta i dTuaiscirt na hÉireann.

aguisín B

*

Conas atá an Tionscal Déanta Suas – ón gClár Fiontraíochta Ceardaíochta, 2003.....

ag Nollaig 2003

RÉIMSÍ TÁIRGTHE	Méid fiontair ón réimse táirgthe láraithe	Méid fiontair ón réimse táirgthe mar % don chlár iomlán	Méid fiontair sa réimse táirgthe a fostaíonn 2 – 9 daoine	% d'fhiontair sa réimse táirgthe ag fostú
Déanamh Teicstíle	270	20%	80	30%
Criadóireacht	262	20%	90	34%
Déanamh Seodra	156	12%	64	41%
Adhmadóireacht	141	11%	43	30%
Déanamh Troscáin	99	7%	44	44%
Déanamh Gloine	94	7%	27	26%
Miotalóireacht	62	5%	20	32%
Oibriú/Déanamh Páipéir	47	4%	8	17%
Tógáil Meán Measctha	42	3%	18	43%
Caoladóireacht	33	2%	7	21%
Oibriú Cloiche	33	2%	14	42%
Déanamh Coinnle	17	1%	12	71%
Oibriú Leathaire	13	1%	8	62%
Gaibhne Geal/Soithí Cuasachta	13	1%	2	15%
Deanamh Gléasanna Ceoil	12	1%	6	50%
Priontáil	11	1%	1	9%
Uaireolaíocht	5	0.5%	2	40%
Déanamh Bréagáin	5	0.5%	3	60%
Litreoireacht	5	0.5%	0	0%
Tuíodóireacht	4	0.5%	1	25%
Leabharcheangal	4	0.5%	3	75%
Flytying	1	0.5%	0	0%
IOMLÁN	1329	–	453	34%

aguisín C

*

Staitisticí an Tionscail Ceardaíochta – ó ‘Thuarascáil Thionscal Cheardaíochta na hÉireann, 2002’.....

Tá an achoimre bunaithe ar Thuarascáil Thionscal Ceardaíochta na hÉireann 2002 atá foilsithe ar-líne ag www.ccoi.ie/publications. Tarraingíonn sé suntas ar thorthaí taighde neamhspleách cainníochtúil agus cineálach leathan a rinneadh go luath i 2003. Is é aidhm an staidéir ná chun tacaíocht a thabhairt do Chomhairle Cheardaíochta na hÉireann chun a choimeád suas chun dáta maidir le hathraithe i dinimice san earnáil agus sna dúshláin agus deiseanna atá roimh cheardaithe.

Cuireadh an tsuirbhé amach chuig sampla don chéad uair i 2002, seachas an daonra iomlán ar Chlár Chomhairle Cheardaíochta na hÉireann. Is é an fáth a úsáideadh an sampla teascaithe ná chun cruinneas comparáide bliain ar bhliain ar fheidhmíocht teascógach a fheabhsú. Bhí an ráta freagartha 69% i bhfad níos fearr ná an 35% faighte i 2001.

TIONSCAL CEARDAÍOCHTA NA HÉIREANN 2002 – ACHOIMRE

ANAILÍS TEASCÓGACH COIMISIÚNAITHE AGUS FOILSITHE AG COMHAIRLE CHEARDAÍOCHTA NA HÉIREANN

Tháinig an earnáil cheardaíochta thar n-ais beagán i 2002 ón dtitim i láimhdeachas i 2001. I ndiaidh tréimhse imní i 2001, tá mothú soirbhíochas chúramach ag ceardaithe arís don todhchaí. Ar an iomlán, bhí fás i láimhdeachas ag 70% de ghnóthaí ceardaíochta i 2002. Bhí díolacháin ‘thar barr’ ag mionlach; le linn na bliana. In ainneoin seo, léiríonn feidhmíocht na hearnála le déanaí an nochtadh go dtí an geilleagar domhanda. Deireann ceardaithe go bhfuil siad ag braith go mór ar thurasóirí, nó ar an margadh earraí ollmhaitheasa sa bhaile, tá na dá réimse an-soghonta go dtí an coir chun donais faoi láthair.

> “ Go sainiúil, is é aidhm na hachoimre ná chun **tacaíocht** a thabhairt don Chomhairle Cheardaíochta chun a choimeád suas chun dáta maidir le na hathraithe **i dinimice san earnáil** agus sna **dúshláin** agus **deiseanna** atá roimh cheardaithe. ”

Is ábhair athfhillteach iad roinnt de na dúshláin aitheanta ag ceardaithe i 2002. I leataobh na dúshláin timpeallachta, tá na nithe seo a leanas san áireamh sna deacrachtaí aitheanta sa taighde i 2002:

- deacrachtaí ag teacht ar an gcustaiméir ceardaíochta nuair atá gnóthaí bunaithe faoin dtuath.
- an coinbhleacht leasa idir an soláthraí/miondíoltóir.
- an easpa acmhainní daonna cúpláilte le leisce chun ábhar an chaighdeáin a ‘scaoileadh’ trí dhaoine a fhostú, agus na teorainn ar an dtoilleadh táirgthe dá bharr.
- an easpa ama i gcóir margaíocht agus forbairt tháirgí.
- a thuilleadh iomaíochta ó earraí iompórtáilte, agus leibhéal easpórtáil íseal maidir le ceardaíocht Éireannach.
- laistigh d’easpórtáil, iomarca spleáchas ar mhargaí na SA agus an RA – atá soghonta do luaineacht airgeadra.
- iontaoibh ar mhargaíocht frithghníomhach trí chaint ó bhéal.
- easpa eacnamaíochta scála i gnóthaí beaga, a chuireann brú ar na himill.

In ainneoin fás i ndíolacháin i 2002, agus in ainneoin go raibh roinnt ghnóthaí a bhí ag iarraidh a gcuid díolacháin a choimeád ag leibhéal comhsheasmhach, sna hagallaimh bhí ceardaithe fós ag chur béim ar fhachtóirí diúltacha a bhraith siad a raibh ag cur isteach ar fhás. Chur formhór acu 2002 i gcomparáid lena smaoineamh ar an ‘seansaol breá’ a bhí ann i rith na nóchaidí. Ag an am chéanna dúradar nach raibh an fás ag an ráta níos luaithe inchothaithe. Go ginearálta, léiríonn an tsuirbhé gur earnáil rothach é an earnáil cheardaíochta Éireannach, le fás ceangailte go dlúth le feidhmíocht an geilleagair go hiomlán.

Dos na daoine a choimeád gnó seasmhach i rith 2002, léirítear gur chustaiméirí leanúnacha (miondíoltóirí baile nó ceannaitheoirí idirnáisiúnta trí Showcase) a tháinig i gcabhair dóibh chun sruth ordaithe seasmhach a choinneáil. Ní raibh forbairt chustaiméirí agus mhargaí nua mar thosaíochta i 2002, agus tá gníomhaíochtaí mar seo curtha ar ceal go dtí 2003 ag roinnt cheardaithe.

I 2002, bhí ionadaíocht mná níos airde na fir san earnáil cheardaíochta.. Mar a léiríonn an tábla thíos, tá an tréith seo chomónta san earnáil le trí bhliain anuas.

INSCNE CHEARDAITHE (2000 – 2002)

	2002 Clár Ceardaíochta	*2001 Suirbhé*	*2000 Suirbhé*
Fireannach	46%	48%	47%
Baineannach	54%	52%	53%
IOMLÁN	100%	100%	100%

Mar a bhí i mblianta imithe, is iad na riailbhéasa leis na daonraí is mó ná teicstíle, criadóireacht, adhmadóireacht agus seodóireacht.

PRÓIFÍL NA HEARNÁLA DE RÉIR AN RIAILBHÉASA CEARDAÍOCHTA

	2002 Clár Ceardaíochta	*2001 Clár Ceardaíochta*	*2000 Clár Ceardaíochta*
Criadóireacht	20%	23%	20%
Troscáin	7%	6%	8%
Gloine	7%	5%	7%
Seodóireacht	12%	12%	11%
Miotalóireacht	5%	5%	5%
Meáin Mheasctha	3%	2%	3%
Páipéar	3%	2%	3%
Cloch	3%	2%	2%
Teicstílí	19%	20%	21%
Adhmaid	11%	12%	10%
Eile	9%	11%	10%
Anaithnid	1%	1%	0%
IOMLÁN	100%	101%*	100%

**Tóg nóta gur féidir slánú chur isteach ar seo agus ar gach tábla iartheachtach.*

Taispeánann an tábla thíos an coibhneas cheardaí ar an Clár ón dá pháirt den tír, Tuaisceart agus Deisceart.

LÁTHAIR CHEARDAITHE

	2002 Clár Ceardaíochta	*2001 Clár Ceardaíochta*	*2000 Clár Ceardaíochta*
Poblacht na hÉireann	87%	85%	86%
Tuaisceart na hÉireann	13%	15%	14%
IOMLÁN	100%	100%	100%

Tá timpeall is aon thrian de ghnóthaí bunaithe le níos mó ná deich bhliain. Tá 20% de ghnóthaí bunaithe le 3 bhliain anuas, rud a léiríonn go bhfuil an earnáil ag íocshláiniú é fhéin ar bhunús leanúnach.

Taispeánann an tábla thíos go bhfuil níos lú gnóthaí tosaithe sa Tuaisceart i gcomparáid le Poblacht na hÉireann. Léiríonn sé chomh maith go bhfuil cás le soirbhíochas agus cumas le fás i gcóir gnóthaí san earnáil cheardaíochta.

POINTE FORBARTHA GNÓ DE GHNÓ CEARDAÍOCHTA

2002 Suirbhé	*Tuaisceart na hÉireann*	*Poblacht na hÉireann*	*Iomlán*
Tosú	11%	18%	17%
Ag Fás	26%	34%	33%
Seasmhach	60%	37%	40%
Ag Ísliú	3%	11%	10%
IOMLÁN	100%	100%	100%

COIBHNEAS IONCAM FAIGHTE Ó GHNÓTHAÍ CEARDAÍOCHTA

2002 Suirbhé	*Tuaisceart na hÉireann*	*Poblacht na hÉireann*	*Iomlán*
Níos lú ná 50%	22%	26%	26%
51% – 99%	13%	19%	19%
100%	65%	54%	56%
IOMLÁN	100%	100%	100%

I 2001, i gcóir an chéad uair i ndeich mbliain, bhí titim i láimhdeachas san earnáil. Taispeánann taighde i mbliana gur tháinig an earnáil thar n-ais beagán ó 2001, agus gur fhás an earnáil go measartha i 2002. Go ghinearálta, tá an phictiúir taispeánta ag na staitisticí fulaingthe ag radhairc ceardaithe ar an earnáil. Creideann ceardaithe fós go bhfuil an tionscal ceardaíochta ag fás, ach ag ráta an-íseal.

Taispeánann na figiúir thíos go raibh ioncam iomlán chuig cheardaíocht Éireannach €84 milliúin i 2002, le 89% de seo déanta ag gnóthaí bunaithe i bPoblacht na hÉireann.



€75,000 – PNE (89%)

€9,000 – TNE (11%)

I 2002, bhí méadú i ndíolacháin ó €76 milliúin (tóg nóta go bhfuil an figiúir do 2001 athchumtha ó thaighde níos luaithe, bunaithe ar eolas nua faighte trí nuashonrú Clár na Comhairle Ceardaíochta go luath i 2003) go dtí €84 milliúin.

ATHRAITHE I LÁIMHDEACHAS GLAN AN TIONSCAIL Ó 2001 GO DTÍ 2002

2002 Suirbhé	*Tuaisceart na hÉireann*	*Poblacht na hÉireann*	*Iomlán*
Méadú	57%	72%	70%
Isliú	43%	28%	30%
IOMLÁN	100%	100%	100%

COMPARÁID IDIR LÁIMHDEACHAS GNÓTHAÍ AONAIR, 2001 GO DTÍ 2002



Tá contrárthacht daingean idir an 68% de ghnóthaí le láimhdeachas €30,000 nó níos lú, agus an 4% le gnóthaí ceardaíochta le láimhdeachas níos mó ná €250,000.

I 2002 bhí formhór de cheardaithe in Éirinn ag úsáid bealaí díreacha (go dtí an tomhaltóir) agus indíreacha (trí siopaí/gailearaí/gníomhairí) chun teacht ar an margadh.

SAHSANNA BEALAÍ DÁILEADH ÚSÁIDTE AG GNÓTHAÍ CEARDAÍOCHTA

2002 Suirbhé	*Tuaisceart na hÉireann*	*Poblacht na hÉireann*	*Iomlán*
Díreach amháin	26%	26%	26%
Neamhdhíreach amháin	1%	7%	6%
Díreach + Neamhdhíreach	73%	66%	67%
IOMLÁN	100%	100%	100%

- taispeánann an taighde chineálach go bhfuil ceardaithe fós buartha faoin leibhéal coimisiún gearrtha ag miondíoltóirí agus gailearaithe, agus tá roinnt cheardaithe ag iarraidh na deiseanna díolacháin díreacha a fhorbairt dá bharr.
- braitheann ceardaithe go bhfuil roinnt deiseanna ag baint le bheith ag braith ar chúpla bhealach díolacháin amháin. Bhraith na ceardaithe gurb é seo an phríomh dhúshlán a bhí rompu i 2002, agus bhíodar dóchasach gur féidir leo déileáil leis i 2003.
- chur roinnt dóibh béim ar an soghontacht ag baint le bheith ag braith go hiomlán ar dhíolacháin díreach ón stiúideo agus dá bhrí sin ina gceantair fhéin. Bhraith ceardaithe a bhí ag úsáid miondíoltóirí ina gceantair fhéin soghonta chomh maith.
- léiríonn an méid cheardaí a dúirt gur choimeád na miondíoltóirí 'ar snámh' iad i rith 2002 gur buntáiste mór é meascán de bhealaí díoltóireachta i rith cor chun donais.

ÚSÁID IOMLÁN BEALAÍ DÍOLACHÁIN DÍREACHA

2002 Suirbhé	*Tuaisceart na hÉireann*	*Poblacht na hÉireann*	*Iomlán*
Ó stiúideo féin	100%	99%	99%
Ó a siopa miondíola féin	41%	30%	31%
Trí aonach ceardaíochta miondíola	55%	65%	63%
Trí ordú poist	24%	23%	24%
Tríd an idirlíon	23%	26%	25%

ÚSÁID IOMLÁN BEALAÍ DÍOLACHÁIN INDÍREACHA

2002 Suirbhé	*Tuaisceart na hÉireann*	*Poblacht na hÉireann*	*Iomlán*
Miondíoltóir sainiúil	55%	66%	65%
Díolachán trí ghailearaí	44%	36%	38%
Trí ghníomhaire/mhórdhíoltóir	23%	16%	17%
Trí ailtirí / dhearthóirí inmheánacha	23%	18%	19%

BEALAÍ DÍOLACHÁIN INDÍREACHA ÁIRITHE I DTÉARMAÍ TÁBHACHTA UIMHIR 1 AG GNÓTHAÍ CEARDAÍOCHTA*

	2002 Suirbhé
Miondíoltóir sainiúil	56%
Díolacháin trí ghailearaí	14%
Trí ghníomhaire/mhórdhíoltóir	3%
Trí ailtirí/ dhearthóirí inmheánacha	4%

**níl aon chomparáid úsáideach le 2001*

aguisín D

*

Airgeadais Chomhairle Cheardaíochta na hÉireann – ó na Cuntais Iniúchta 2000 go dtí 2002.....

“ mionchuntais
ioncaim
agus
caiteachais ”

IONCAM	2000	2001	2002
	€	€	€
Clár Tionsclaíochta ESF:			
Cúrsa Scileanna Seodra	107,737	-	-
Cúrsa Scileanna Potaireachta	102,116	-	-
Cúrsa Scileanna Gnó	469	-	-
Cúrsa Scileanna Gaibhne	100,722	-	-
Cúrsa Táirge agus Margaíochta	81,903	-	-
	392,947	-	-
Fiontraíocht Éireann	1,514,776	2,375,082	2,564,701
Deontais AE Síocháin agus Réiteach	125,095	123,091	-
Ioncam Eile:			
Ioncam ón Aonach Trádála Showcase	203,299	209,524	167,288
Cúrsaí Gearra agus Comhairleacha	79,286	53,456	25,429
Il-ioncam	10,898	4,467	5,639
Síntiúis ó Bhaill na Comhairle	1,797	2,209	1,983
Díolacháin Fhoilseacháin	286	6,803	9,396
Síntiúis Cláir	2,014	-	-
Táille Clárú an Bhunachair Shonraí Radharcaigh	2,598	-	-
Siopa Ghailearaí an Lú	18,216	-	-
Ioncam Cíosa	5,460	5,803	5,211
Ranníocaíochtaí don Tionscal Ceardaíocht	37,908	57,704	96,128
Siopa Potaireachta	-	-	3,633
Ioncam ón Aonach Ceardaíochta Náisiúnta	-	-	12,520
Invest Northern Ireland	-	-	38,330
Clár an Bhoird Fiontair	-	-	25,000
Ús Tuillte sa Bhanc	-	-	2,053
	361,762	339,966	392,610
IONCAM IOMLÁN	**2,394,580**	**2,838,139**	**2,957,311**

CAITEACHAS	2000	2001	2002
	€	€	€
Riarachán	405,095	480,336	511,904
Costais Bhoilsciú	28,605	24,660	12,680
Forbairt Cheardaíochta agus Seirbhísí Faisnéise	61,695	64,900	76,366
Cúrsa Forbartha Gnó Ceardaíochta agus Dearaidh	576	-	-
Cúrsa Forbartha agus Táirgí Ceardaíochta	100,810	237,485	239,201
Cúrsa Scileanna Potaireachta	125,688	139,783	154,636
Cúrsa Scileanna Seodra	132,608	141,834	147,173
Costais Siopa/Íocaíochtaí Soláthraí	13,612	-	-
Cúrsaí Gearra agus Comhairleacha	73,212	43,418	12,735
Tionscadal Carlingford	158,743	132,434	-
Tacaíocht Oideachais	15,324	3,152	-
Riaracháin Traenála	193,314	230,220	240,896
Cúrsaí Scileanna Gearra	7,890	-	-
Cuidiú Deontais go dtí Clós Dearaidh	63,487	57,138	50,790
Cúrsa Scileanna Gaibhne	123,972	129,944	130,000
Tionscnamh Caidrimh Poiblí	30,800	38,249	60,959
Forbairt na Teicneolaíochta Faisnéise	115,723	116,755	138,802
Grúpa Fócais Réigiúnach	28,782	-	-
Gréasáin Réigiúnacha	139,464	150,101	151,823
Clár Taispeántais Réigiúnach	268,947	300,139	295,784
Comharchumainn Fhorbartha – Tuaisceart na hÉireann	11,706	10,091	10,092
Creidiúnú Mhianaigh	36,414	71,831	87,967
Taighde Staitistiúil	45,006	64,976	61,145
Cúrsaí Meantóireachta	-	32,214	23,956
Forbairt Ríomh-Ghnó	-	227,370	294,495
Caidreamh Dearaidh Ceardaíochta le Tionscal	-	154,356	213,288
Aonach Ceardaíochta Náisiúnta	-	-	27,475
Clár an Bhoird Fiontair	-	-	19,480
Soláthar Droch-fhiachais	-	-	6,177
CAITEACHAS IOMLÁN	**2,181,473**	**2,851,386**	**2,967,824**
BARRACHAS/(EASNAMH) GLAN DON BHLIAIN	**213,107.00**	**-13,247.00**	**-10,513.00**

Plean Straitéiseach Chomhairle Cheardaíochta na hÉireann 2004 – 2006

Nótaí

Nótaí

Nótaí